

# Comhairle Cathrach na Gaillimhe

## Seachadadh Seirbhíse Bliantúil 2026



Comhairle Cathrach  
na Gaillimhe  
Galway City Council



	<b>Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh</b>	<b>3</b>
1.	<b>Réamhrá agus Comhthéacs</b>	<b>4</b>
2.	<b>Ár Ráitis Misin agus Físe</b>	<b>5</b>
3.	<b>Ár mBunluachanna</b>	<b>6</b>
4.	<b>Cumas agus Acmhainní na hEagraíochta</b>	<b>7</b>
5.	<b>Achoimre Airgeadais</b>	<b>8</b>
6.	<b>Ár bPríomhsheirbhísí</b>	<b>9</b>
7.	<b>Táscairí Feidhmíochta</b>	<b>10</b>
8.	<b>Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht</b>	<b>13</b>
9.	<b>Cuspóirí Seachadta Seirbhíse</b>	<b>13</b>
<b>10.</b>	<b>An Stiúirthóireacht Forbartha Sóisialta</b>	<b>14</b>
10.1	Tithíocht agus Lánpháirtíocht Shóisialta	15
<b>11.</b>	<b>An Stiúirthóireacht um Fhorbairt Oibríochtúil</b>	<b>28</b>
11.1	Comhshaol	29
11.2	Saoráidí Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta	38
11.3	Bóithre agus Cúrsaí Iompair	53
<b>12.</b>	<b>An Stiúirthóireacht um Fhorbairt Tionscadal</b>	<b>60</b>
12.1	Bainistíocht Tionscadail agus Oifig na dTograí Caipitil	61
12.2	An Aidhm maidir le Taisteal Gníomhach	63
12.3	Athrú Aeráide agus Cúrsaí Inmharthanachta	68
12.4	Forbairt Pobail, Sócmhainní Corparáide agus Suíomhanna Tréigthe	77
<b>13.</b>	<b>An Stiúirthóireacht um Fhorbairt Uirbeach</b>	<b>90</b>
13.1	Pleanáil	91
13.2	Ailtirí	115
13.3	Cúrsaí Ealaíne agus Cultúir, Forbairt Eacnamaíochta agus Turasóireacht	120
13.4	Acmhainní Daonna	135
<b>14.</b>	<b>An Stiúirthóireacht um Fhorbairt Chorparáideach</b>	<b>138</b>
14.1	Seirbhísí Corparáide, Riarachán agus Rialachas	139
14.2	Teicneolaíocht an Eolais agus na Cumarsáide (TEC)	149
14.3	Cúrsaí Airgeadais	153



## Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Sonraítear i bPlean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2026 clár oibre suntasach a mbeidh tionchar aige ar dhaoine agus a eascraíonn as infheistíocht €161,201,146 i seirbhísí, áiseanna agus tionscadail chaipitil na cathrach sa bhliain amach romhainn.

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe fós ag díriú ar dhul chun cinn a dhéanamh ar an 12 Thionscadal Tosaíochta a cuireadh faoi bhráid an Chláir Náisiúnta Rialtais i mí na Samhna 2024, lena chinntiú go bhfeidhmíonn Cathair na Gaillimhe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus faoin gCreat Pleanála Náisiúnta. I measc na dtosaíochtaí sin tá Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, BusConnects Gaillimh; Scéim Cosanta Tuilte Chathair na Gaillimhe (Coirib go Cósta); múnla maoinithe; Cáin Iostas Oíche Phíolótach do Thursóirí; bonneagar fuíolluisce; athnuachan Bhóthar na Díge agus Bóthar an Ghainimh; forbairt na nArdán a chumasú; Droichead Coisithe agus Rothaíochta Iarnród an Chlocháin; ciste bonneagair chultúrtha; agus athfhorbairt Chalafort na Gaillimhe.

Leanann Comhaltaí Tofa agus Bainistíocht Shinsearach de bheith rannpháirteach agus comhoibríoch chun na tionscadail tosaíochta agus príomhchuspóirí an toghcheantair áitiúil a chur chun cinn, agus tá roinnt cinntí dúshlánacha déanta ag Comhaltaí Tofa go dtí seo, lena chinntiú go bhfuil teacht ag ár gcathair ar na hacmhainní atá ag teastáil chun an bhearna a líonadh chun an fhís atá againn do Ghailimh a thabhairt chun críche.

Le glacadh Bhuiséad 2026 agus Plean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse 2026, cuirtear ar chumas an údaráis áitiúil machnamh a dhéanamh agus seachadadh seirbhíse agus bonneagair a phleanáil don bhliain amach romhainn, chun fís mheántéarmach agus fhadtéarmach a thabhairt do Chathair na Gaillimhe mar áit iontach le bheith i do chónaí ann, le bheith ag obair ann, le hinfheistíocht a dhéanamh ann agus le cuairt a thabhairt air.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na Comhaltaí Tofa as a gcomhpháirtíocht agus as a dtacaíocht go dtí seo. Chomh maith leis sin, tá aitheantas tuilte ag foireann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe as a dtiomantas do sholáthar seirbhíse poiblí, go háirithe dóibh siúd a chuaigh ar scor in 2025 tar éis a bheith ag obair sa tseirbhís phoiblí. Cuirim fáilte roimh ár bhfoireann nua, a bhfuil go leor acu tar éis dul isteach i róil nua le Comhairle Cathrach na Gaillimhe, a cruthaíodh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais athraitheacha an phobail, agus ar an údarás áitiúil chomh maith.

Tá muintir agus pobail Chathair na Gaillimhe i gcroílár an Phlean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse seo. Is é an t-údarás áitiúil an cineál rialtais is inrochtana agus is áitiúla, agus tá sainordú ar leith ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ionadaíocht a dhéanamh ar son mhuintir na Gaillimhe go háitiúil, go réigiúnach, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.



**Leonard Cleary**

Príomhfheidhmeannac  
h Chomhairle Cathrach  
na Gaillimhe

# 1. Réamhrá agus Comhthéacs

Ullmhaíodh an Plean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse 2026 seo de réir Alt 50 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014, a éilíonn ar Údarás Áitiúla Pleananna bliantúla Seachadadh Seirbhíse a fhoilsiú chun tacú le trédhearcacht, cuntasacht agus éifeachtúlacht. Tá an plean múnlaíthe a thuilleadh ag creat reachtúil an Achta Rialtais Áitiúil 2001, mar aon le tosaíochtaí polasaí náisiúnta lena n-áirítear Clár an Rialtais, Tionscadal Éireann 2040, agus Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Leagtar amach i bPlean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse 2026 tosaíochtaí, gealltanais seirbhíse agus spriocanna feidhmíochta na Comhairle don bhliain atá romhainn, agus cinntítear go bhfuil siad ag teacht le polasaithe náisiúnta, cuspóirí straitéiseacha áitiúla, agus feidhmeanna reachtúla na Comhairle.

Beidh na héachtaí suntasacha a bhain muid amach in 2025 mar bhunchloch láidir don bhliain atá amach romhainn.

Ag tógáil ar na héachtaí sin, tá Plean 2026 bunaithe ar Phlean Corparáideach 2024–2029, Buiséad Bliantúil 2026, Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023–2029, agus **Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chathair na Gaillimhe (LECP) 2024–2029**.

Tá cúig sprioc ardleibhéal i gCreatphlean LECP Chathair na Gaillimhe 2024-2029, is iad sin: Cuspóir 1. Réigiún cathrach cruthaitheach den scoth. 2: Cathair nuálach 3: Cathair chomhionann agus chuimsitheach 4: Cathair athléimneach inbhuanaithe 5: Cathair ina gcuirtear sláinte agus folláine chun cinn



Cuireann an Plean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse cur chuige struchtúrtha ar fáil maidir le seachadadh seirbhíse thar príomhréimsí cosúil le tithíocht, iompar, an comhshaol, forbairt eacnamaíoch, cultúr agus pobal. Leagtar síos táscairí sa phlean chun feidhmíocht a rianú agus a chinntiú go gcuirtear tionscnaimh straitéiseacha i bhfeidhm go héifeachtach i rith na bliana. Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta i gcónaí do sheirbhísí poiblí nuálacha, cuimsitheacha agus inbhuanaithe a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais éagsúla na cathrach atá ag fás. Dearbhaítear in athuir leis an bplean seo an dúthracht maidir leis an gcomhpháirtíocht, an feabhsú leanúnach agus an cheannasaíocht atá dírithe ar an todhchaí ionas go gcinntítear go leanann Gaillimh faoi bhláth ina cathair bhríomhar, sheasmhach le súil ar an am atá le teacht.


## 2. Ár Ráitis Misin agus Físe

### Ár Ráiteas Misin

Leanúint de Ghailimh a fhorbairt ina cathair de scoth an domhain maidir le láthair cónaithe, oibre, léinn agus infheistíochta trí sheirbhísí a chur ar fáil ar bhealach cóir, lánchuimsitheach, inbhuanaithe.

### Ár Ráiteas Físe

Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe cathair chultúrtha agus chruthaitheach a stiúradh, trí chomhoibriú le pobail agus gnólachtaí éagsúla na Gaillimhe agus níos faide ó bhaile, chun ár dtréithe uathúla, inbhuanaitheacht, ionchuimsitheacht, sábháilteacht agus nuálaíocht a neartú agus a fheabhsú.



### 3. Ár mBunluachanna

Treoraíonn ár mBunluachanna muid i dtaobh na seirbhísí a chuireann Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar fáil:

#### **Meas**

Léirimid meas agus luach ar ár gComhairleoirí agus ar ár bhFoireann, agus ar ár bpobail agus ar úsáideoirí ár gcuid seirbhísí, go háirithe iad siúd atá thíos le neamhionannas, inár ról mar fhostóir agus inár gcuid oibre i dtaobh seirbhísí a chur ar fáil do mhuintir na cathrach, ina nglacaimid san áireamh na riachtanais éagsúla go léir atá ag ár sochaí nua-aimseartha.

#### **An Daonlathas**

Tacaímid le ceannaireacht ár gComhairleoirí tríd an idirchaidreamh oscailte trédhearcach is fairsinge a chur ar fáil le rannpháirtíocht ó éagsúlacht iomlán ár bpobal sa phróiseas daonlathach.

#### **Cuntasacht**

Tabharfaimid faoinár gcuid oibre le hionracas agus le macántacht go dtí na caighdeáin ghairmiúla is airde agus is féidir i ngach seirbhís a chuirimid ar fáil lena chinntiú go ndéantar cinntí ar mhaithe le leas an phobail.

#### **Comhionannas**

Cinnteoimid go gcaitear go cothrom le gach duine, go dtugtar aitheantas d'éagsúlacht na n-úsáideoirí seirbhísí agus na foirne, agus go dtéitear in oiriúint don éagsúlacht sin, d'fhonn ionchuimsiú agus inrochtaineacht a chinntiú, agus comhionannas torthaí don éagsúlacht seo daoine a chothú agus dícheall a dhéanamh é a bhaint amach.

#### **Inbhuanaitheacht**

Réiteoimid an bealach i dtaobh inbhuanaitheacht a bhaint amach, ceartas comhshaoil a chur chun cinn agus teacht aniar a fhorbairt trí aistriú cóir ina gcuirfear réimse bearta ar leith, ach comhlántacha, i bhfeidhm maidir le gníomhú ar son na haeráide agus le maolú aeráide. Táimid tiomanta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe (SDGanna)

#### **Comhpháirtíocht**

Stúrfaimid, tacóimid agus oibreoidimid i gcomhar leis na hearnálacha poiblí, príobháideacha, pobail agus deonacha, trí rannpháirtíocht a chumasú ina measc siúd atá thíos le neamhionannas, lenár gcuaspóirí corparáide agus ár bhfreagrachtaí reachtúla a chur i gcrích.

#### **Cuimsiú**

Cruthóimid bealaí úrnua chun dul in oiriúint don éagsúlacht, inrochtaineacht a bhaint amach, agus a chinntiú go mbeidh comhionannas ag muintir Chathair na Gaillimhe chomh maith leis na hacmhainní a bheith acu le bheith iomlán rannpháirteach.

#### **Ionracas**

Cinnteoimid trédhearcacht, cuntasacht agus cothroime i gcinnteoireacht.

#### **Nuálaíocht**

Forbróimid smaointe, tionscnaimh, cleachtais agus acmhainní nua chun seirbhísí níos éifeachtúla a chur ar fáil.



## 4. Cumas na hEagraíochta agus Acmhainní

Tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe tiomanta do sheirbhísí ar ardchaighdeán a chur ar fáil do mhuintir na cathrach trí leas éifeachtúil a bhaint as an acmhainn feidhme agus as acmhainní na heagraíochta. In 2025, d'éirigh leis an gComhairle a Plean Straitéiseach don Fhórsa Saothair a chur i gcrích agus cur chuige struchtúrtha maidir le pleanáil agus forbairt d'fhórsa saothair a chinntiú. Leanann an Roinn Acmhainní Daonna de ról lárnach a bheith acu trí fhórsa saothair oilte a mhealladh agus a choinneáil, agus a chinntiú go bhfuil an fhoireann breá ábalta chun freastal ar riachtanais athraitheacha na cathrach.

Maidir le cúrsaí airgeadais, cloíonn an Chomhairle le coinníollacha follasachta agus cuntasachta trí bhuiséid agus ráitis airgeadais bhliantúla a fhoilsiú ina leagtar amach leithroinnt na n-acmhainní i leith na seirbhísí agus na dtionscnamh éagsúla.

I mí na Nollag 2025, bhí 680 ball foirne fostaithe ag an gComhairle sna príomhchatagóirí: 6 sa bhainistíocht, 274 ball foirne cléireachais/riaracháin, 156 ball foirne gairmiúla/teicniúla, agus 244 ball foirne lasmuigh.

Trí bhainistíocht straitéiseach a dhéanamh ar na hacmhainní daonna agus na hacmhainní airgid, féachann Comhairle Cathrach na Gaillimhe le maith a dhéanamh de na gealltanais a leagtar amach sa Phlean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse 2026 agus le rachmas agus dea-bhail na cathrach a chinntiú go leanúnach.

Aicmí na bhFostaithe	Iomlán do mhí na Nollag 2025
Bainistíocht	6
Cléireachas/Riarachán	274
Gairmiúil/Teicniúil	156
Allamuigh	244
<b>Móriomlán</b>	<b>680</b>



## 5. Achoimre Airgeadais

Tá soláthar déanta ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe do chaiteachas €161,201,146 ag na rannóga seirbhíse maidir le seirbhísí a chur ar fáil i rith na bliana 2026. Déantar soláthar leis an mbuiséad d'infheistíocht sa chathair ar leibhéal suntasach cothrom le €1,930 in aghaidh an duine de mhuintir na cathrach.

Leagtar amach sa tábla thíos an caiteachas de réir na Rannóige agus tugtar cuntas achomair as sin amach sa tuarascáil ar na seirbhísí a chuirfear ar fáil leis an gcaiteachas sin.

Tá caiteachas mar seo a leanas beartaithe i rith na bliana 2026 ar fud Rannóga Seirbhíse na Comhairle:

Ollchaiteachas	Buiséad a Glacadh 2026		Buiséad a Glacadh 2025	
Tithíocht agus Tógáil	76219226	47%	65384217	45%
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	16451479	10%	16672912	12%
Seirbhísí Uisce	1945223	1%	2137665	2%
Bainistíocht Forbraíochta	18163369	11%	15254229	11%
Seirbhísí Comhshaoil	17664599	11%	15917801	11%
Saoráidí Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta	23846994	15%	21925506	15%
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas	455132	0%	419010	0%
Seirbhísí Ilghnéitheacha	6455124	4%	6392760	4%
	<b>161201146</b>		<b>144104090</b>	

## 6. **Ár bPríomhsheirbhísí**

Tá cúig cinn de stiúirthóireachtaí i gceist le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

### **An Stiúirthóireacht Forbartha Sóisialta**

Seirbhísí Tithíochta  
Caipiteal Tithíochta  
Cothabháil Tithíochta  
Cóiríocht don Lucht Siúil  
Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean  
Lánpháirtíocht Shóisialta  
Seirbhísí Lánpháirtíochta do Dhaoine ón Úcráin

### **An Stiúirthóireacht um Fhorbairt Oibríochtúil**

Cothabháil Bóithre agus  
Cúrsaí Iompair  
Seirbhísí Comhshaoil  
Saoráidí Caitheamh Aimsire agus  
Taitneamhachta  
Seirbhísí Uisce Ionaid Pobail

### **An Stiúirthóireacht um Fhorbairt Tionscadal**

An Oifig Bainistíochta Tionscadal (OBT) agus Forbairt  
Caipitil Príomhoifig nua a Fhorbairt  
Athfhorbairt ar shuíomh Halla na Cathrach Taisteal  
Gníomhach  
Forbairt CBCG  
Sócmhainní Maoine agus Suíomhanna Tréigthe  
Athrú Aeráide  
Forbairt Pobail

### **An Stiúirthóireacht um Fhorbairt Uirbeach**

Forbairt Áite Pleanáil chun Cinn Rialáil Forbartha  
Seirbhísí Ailtireachta Forbairt Eacnamaíochta  
Cúrsaí Oidhreachta agus Caomhantais Forbairt  
Turasóireachta  
Forbairt Ealaíne agus Cultúir Acmhainní Daonna

### **An Stiúirthóireacht um Fhorbairt Chorporáideach**

Airgeadas  
Seirbhísí Corparáide Rialachas Corparáide  
Cumarsáid agus Margaíocht Gaeilge  
TEC agus Cúrsaí Digiteacha  
Bunathrú Corparáide Bainistíocht Athraithe Seirbhísí  
Tráchtála

### **Comharsheirbhísí le Comhairle Chontae na Gaillimhe:**

Seirbhísí Dóiteáin agus Seirbhísí Éigeandála An Oifig  
Fiontair Áitiúil (OFÁ) An Leabharlann

## 7. Táscairí Feidhmíochta

Baintear úsáid as táscairí feidhmíochta le héifeacht, críochnúlacht agus déanamh na seirbhíse a mheas i ndáil le feidhmeanna éagsúla, mar shampla, tithíocht, comhshaol, pleanáil agus forbairt eacnamaíochta. Déanann an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta (CNMI) maoirseacht maidir leis na táscairí seo, lena n-áirítear slata tomhais maidir le rátaí folúntais tithíochta, tréimhsí próiseála maidir le hiarratais ar chead pleanála, éifeachtacht maidir le bainistíocht dramhaíola agus bainistíocht airgeadais. Cuidíonn marcanna tagartha den sórt seo le follasacht, cuntasacht agus feabhas leanúnach a chinntiú in obair an rialtais áitiúil ionas gur fearr an toradh seirbhíse a bhíonn ar fáil ag an bpobal.

### Táscairí Feidhmíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (2024)

Táscaire Feidhmíochta Bliantúil NOAC			
	Líníocht Ghearrtha	Táscaire	Cur síos ar an Táscaire
1	Tithíocht	H1	Stoc tithíochta sóisialta
		H2	Folúntais tithíochta
		H3	Meán-am d'athligeran agus costais dhíreacha
		H4	Costais Dhíreacha Cothabhála Tithíochta
		H5	Iniúchtaí san Earnáil Chíosa Phríobháideach
		H6	Daoine fásta gan dídean go fadtéarmach
		H7	Iarfheistiú tithíochta sóisialta
2	Bóithre	R1	Rátáil san Innéacs um Chaighdeán Dromchla Pábhála (PSCI)
		R2	Oibreacha bóthair
		R3	Céatadán na n-idirbheart mótarchánach a rinneadh ar líne
		R4	Ceadúnú agus iniúchtaí oscailte bóthair
3	Uisce	W1	Céatadán an uisce óil i scéimeanna príobháideacha de réir na gceanglas reachtúil
		W2	Céatadán na scéimeanna cláraithe a ndearnadh monatóireacht orthu

	Líníocht Ghearrtha	Táscaire	Cur síos ar an Táscaire
4	Dramhaíl/Comhs haol	E1	Líon/céatadán na dteaghlach a bhfuil teacht acu ar sheirbhís 3 bhosca bruscair
		E2	Líon na ngearán faoi thruailliú an chomhshaoil a réitíodh
		E3	Céatadán na gceantar údaráis áitiúil laistigh de na 5 leibhéal truailithe bruscair
		E4	Céatadán na scoileanna a bhfuil stádas an Bhrait Ghlais acu faoi láthair agus a bhfuil athnuachan déanta acu orthu
		E5	Céatadán Feidhmíochta Éifeachtúlachta Fuinnimh
		E6	Soilse Poiblí
		E7	Athrú Aeráide
5	Pleanáil	P1	Foirgnimh nua a ndearnadh iniúchadh orthu
		P2	Líon/céatadán na gcinntí pleanála a dheimhnigh an Bord Pleanála*
		P3	Céatadán na gcásanna forfheidhmiúcháin pleanála a dúnadh agus a réitíodh
		P4	Costas per capita na Seirbhíse Pleanála
		P5	Iarratais ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán
6	An tSeirbhís Dóiteáin	F1	Costas per capita na Seirbhíse Dóiteáin
		F2	Slógadh Seirbhíse
		F3	Céatadán Ama Freastail ar Láithreacha
7	Leabharlann/Cait heamh aimsire	L1	Cuairteanna Leabharlainne, Saincheisteanna agus Baill Chláraithe
		L2	Costas per capita a bhaineann le Seirbhís Leabharlainne a oibriú agus caiteachas per capita ar bhailiúcháin
8	Seirbhísí Óige agus Pobail	Y1	Rannpháirtíocht i scéim Chomhairle na nÓg
		Y2	Grúpaí a bhfuil baint acu leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

	Líníocht Ghearrtha	Táscaire	Cur síos ar an Táscaire
9	Corparáide ach - Acmhainní Daonna agus TFC	C1	Líon Iomlán Choibhéisí na n-uaireanta lánaimseartha (WTE)
		C2	Laethanta oibre a cailleadh mar gheall ar thinneas
		C3	Suíomh gréasáin an Údaráis Áitiúil agus úsáid na meán sóisialta
		C4	Costas foriomlán sholáthar TFC in aghaidh an WTE
		C5	Costas foriomlán TFC mar chuid de chaiteachas na gCoimisinéirí Ioncaim
10	Airgeadas	M1	Achoimre cúig bliana ar iarmhéid Chuntas na gCoimisinéirí Ioncaim
		M2	Achoimre chéatadán cúig bliana ar na leibhéil bailiúcháin d'fhoinsí móra ioncaim
		M3	Éilimh maidir le Dlíteanas Poiblí
		M4	Forchostais
10	Forbairt Eacnamaíochta	J1	Líon na bpost a cruthaíodh
		J2	Ag trádáil dearbhán ar líne
		J3	Líon na ndaoine a fuair meantóireacht
		J4	Turasóireachta
		J5	Caiteachas maidir le Forbairt Eacnamaíochta

Tabhair faoi deara na táscairí nua: H7 Iarfheistiú Tithíochta Sóisialta, R4 Ceadúnú Oscailte Bóthair

Foinse: Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta Bliantúil NOAC 2024 (Tuarascáil 77), a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2025.

Ar fáil ag: [https://cdn.noac.ie/wp-content/uploads/2025/11/NOAC-Local-Authority-Performance-Indicator-Report-2024\\_FINAL.pdf](https://cdn.noac.ie/wp-content/uploads/2025/11/NOAC-Local-Authority-Performance-Indicator-Report-2024_FINAL.pdf)

## 8. Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht

Cuirtear de réir córais chuig Plean Bliantúil Seachadadh Seirbhíse 2026 Chomhairle Cathrach a chur i bhfeidhm agus chuig monatóireacht a dhéanamh ina leith sin d'fhonn a chinntiú go dtugtar na haidhmeanna príomhthábhachta i bhfeidhm go héifeachtúil. Tá an plean ag teacht le príomhaidhmeanna straitéise na Comhairle agus gach Stiúrthóireacht faoi seach freagrach as spriocanna faoi leith a bhaint amach.

Ar mhaithe le monatóireacht ar an dul chun cinn, leagtar síos caighdeáin feidhmíochta agus déanann na Stiúrthóirí Seirbhíse agus meithle dá gcuid athbhreithniú go tráthrialta ina leith sin. Coinnítear súil ar na táscairí feidhmíochta, an chuid a shocraíonn an Coimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (CNMI) san áireamh, d'fhonn a fheabhas atáthar ag teacht le slata tomhais náisiúnta a mheas. Cuirtear an t-eolas ábhartha is déanaí agus aon nithe suntasacha in iúl tríd an Tuarascáil Bainistíochta Míosúil a eisítear chuig na Comhaltaí Tofa de réir Alt 136(2) den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú ag an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Chomh maith leis sin, faigheann an Grúpa Polasaí Corparáide tuairiscí feidhmíochta go rialta agus cinntítear monatóireacht leanúnach ar an gcaoi sin.

Ag deireadh na bliana, ullmhaíonn an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach tuarascáil chuimsitheach ar an dul chun cinn a chuirtear faoi bhráid na gComhaltaí Tofa agus a fhoilsítear i dTuarascáil Bhliantúil Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Is próiseas é seo lena gcinntítear cuntasacht, follasacht agus feabhas leanúnach maidir le déanamh na seirbhíse.

## 9. Cuspóirí Déanamh Seirbhíse

Leagtar amach sna táblaí as seo síos, i dtaca leis na haidhmeanna straitéise a fhoilsítear sa Phlean Corparáide 2024-2029, na haidhmeanna sonracha a chuirtear roimh gach Stiúrthóireacht faoi leith don bhliain 2026.

## 10. An Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta



## 10.1 Tithíocht agus Lánpháirtíocht Shóisialta

**Aidhm Straitéise:** Barr feabhais a chur ar chaighdeán na beatha do mhuintir Chathair na Gaillimhe trí dhlús a chur le háiteanna cónaithe sóisialta agus inacmhainne agus le tacaíochtaí tithíochta ar shárchaighdeán dóibh siúd i ngátar agus i láithreacha cuí, agus pobail atá ionchuimsitheach ó thaobh cúrsaí sóisialta agus atá inbhuanaithe á gcruthú leis sin mar eiseamláir na Forbartha Sóisialta.

### Spríocanna Forbartha Inbhuanaithe



Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
<b>SD1</b>	<b>Caipiteal</b> <b>Tithíochta</b> <b>agus</b> <b>Tithíocht Inacmhainne</b>	Gníomhartha ó Phlean  'Tithíocht do Chách' an Rialtais do 2026 a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí a aithint do phlean 'Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil' go dtí 2030 ina dhiaidh sin.	Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta 2022-2026 a forbraíodh faoi Phlean  'Tithíocht do Chách' an Rialtais agus faoi Thascfhórsa Seachadta Tithíochta na Gaillimhe.  Plean nua Rialtais go dtí 2030 'Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil'	Obair a dhéanamh chun deiseanna a chruthú agus a leathnú chun tithíocht shóisialta, inacmhainne agus tithíocht ar leith don lucht siúil a sholáthar agus aghaidh a thabhairt ar easpa dídine, i gcomhréir le Téarmaí Tagartha an Tascfhórsa.  Plean Gníomhaíochta nua um Sheachadadh Tithíochta a fhorbairt do 2027-2030 faoi Phlean nua an Rialtais 'Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil'.		Cruinnithe gach ráithe le Tascfhórsa  Seachadta Tithíochta na Gaillimhe  Dréachtphlean faoi Ráithe 2 2026 le glacadh faoi Ráithe 3 2026

Tagairt	Na Príomhs heirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD1	Caipitea I Tithíochta agus Tithíocht Inacmhainne	Plean Gníomhaíochta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe um Sheachadadh Tithíochta (HDAP) 2022-2026 a chur i bhfeidhm agus aon phlean ina dhiaidh sin chun tacú le seachadadh tithíochta.	HDAP 2022-2026 de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe le seachadadh trínár dtógáil féin, ag tacú le AHBanna (CAS & CREL), ag obair le LDA, riachtanais forbartha príobháidí Cuid V agus deiseanna i bhfoirgníocht lándéanta.	Spríoc HDAP Chomhairle Cathrach na Gaillimhe do 2026 = 246 aonad sóisialta agus 100 aonad inacmhainne. An deis a fhiosrú chun aonaid inacmhainne a chur ar fáil trí mheicníocht dhíreach cíosa costais an údaráis áitiúil go díreach		Aonaid a chur ar fáil i rith na bliana agus an spríoc iomlán faoi Ráithe 4 2026
		Tithíocht bhreise ar ardchaighdeán a chur ar fáil, ar scála cuí in áiteanna oiriúnacha agus ar aon dul le riachtanais fáis Chathair na Gaillimhe, (agus an daonra atá ag dul in aois á gcur san áireamh) chun deireadh a chur le gach cineál leithcheala agus aghaidh a thabhairt ar shainriachtanais an phobail.	An Reachtaíocht faoi Dhaoine gan Dídean agus Plean Gníomhaíochta Réigiún an Iarthair maidir le Daoine gan Dídean.	Leanúint de mhaoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar thógáil Shuíomh an Ionaid Lae ag Bóthar Shéamais Uí Chuirc. Aistriú na seirbhíse atá ann cheana a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh uirthi le linn na tógála.		Cuireadh tús leis an tionscadal agus tá sé le seachadadh i Ráithe 4 2027
			Clár Cóiríochta don Lucht Siúil (TAP) 2025-2029	Cuspóirí cur i bhfeidhm TAP 2025 - 2029 a thosú, lena n-áirítear aonaid a chur ar fáil ag Dabhach Uisce i gcomhar le Respond AHB agus aonaid tógála an údaráis áitiúil féin ag an gCaorán. Measúnú a dhéanamh ar indéantacht suíomhanna/roghanna le réitigh a fháil maidir le scinceáil ó láithreáin stad.		Scéimeanna Dhabhach Uisce agus an Chaoráin le seachadadh in 2029  De réir mar is gá
			Cúnamh seachadta caipitil chun bearta soláthair tithíochta a mhéadú lena n-áirítear Straitéis um Thithe Folmha, Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe, Scéim Cheannaigh agus Athnuála.	Líon na n-aonad a thugtar ar ais in úsáid trí na meicníochtaí atá ar fáil a uasmhéadú; Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe, Scéim Cheannaigh agus Athnuála agus Deontas Athchóirithe 'Croí Cónaithe' do Réadmhaoin Fholamh.		Ar bun

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD1	Caipiteal Tithíochta agus Tithíocht Inacmhainne	Cúnaimh maidir le tograí caipitil chun na haidhmeanna faoin Straitéis maidir le hÁrais Cónaithe atá Folamh a leagtar amach in Tithíocht do Chách a thabhairt i bhfeidhm.	Líon na n-aonad a thugtar ar ais in úsáid trí na meicníochtaí atá ar fáil a uasmhéadú; Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe, Scéim Cheannaigh agus Athnuála agus Deontas Athchóirithe 'Croí Cónaithe' do Réadmhaoin Fholamh, a cuireadh ar fáil i gcathracha le déanaí.	Bolscaireacht agus riarachán maidir leis an deontas athchóiriúcháin d'áitreabh folamh. Cur leis an leas as deisiú agus léasáil sa chathair		Ar bun
		A chinntiú go mbeidh bunachar talún straitéiseach ag an gcathair chun forbairt amach anseo a éascú ar mhaithe le spriocanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne a bhaint agus chun tacú le pobail tionachta inbhuanaithe mheasctha a sholáthar	Talamh criosaithe cónaithe straitéiseach a fháil chun tithíocht a sholáthar de réir Phlean an Rialtais go dtí 2030 'Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil'	Talamh oiriúnach a aithint agus an méid sin a fháil tríd an gCiste Fála Talún ón nGníomhaireacht Tithíochta		De réir mar a bhíonn gá leis
			Tús a chur le seachadadh gach cineál tithíochta ar thalamh criosaithe cónaithe chun seachadadh tithíochta a chumasú de réir phlean nua an Rialtais go dtí 2030 'Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil'.	Oibriú le gach Roinn i gComhairle Cathrach na Gaillimhe, forbróirí príobháideacha, comhlachais tithíochta (AHB) agus Gníomhaireacht Forbartha Talún (LDA) chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh bhonneagair agus iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú iomaíoch ón Oifig um Ghníomhachtú Tithíochta (HAO)		Cuir isteach ar HAO Gairm ar mhaoiniú Q12026

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD2	Tacaíocht a sholáthar do AHBanna i dTithíocht Shóisialta agus Inacmhaine a chur ar fáil (cíos costais)	Oibriú leis na CCTanna mar ghné d'obair Fhóram CCT na Cathrach/an Chontae in éineacht	Comhfhóram Cathrach agus Contae na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta	Plean oibre a fhorbairt don bhliain agus teacht le chéile chun obair a dhéanamh ar thionscnaimh		Plean oibre a fhorbairt i Ráithe 1 2026 agus teacht le chéile go ráithiúil
		Oibriú le gach AHB agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun forbairtí sóisialta agus scéimeanna cíosa costais a chur ar fáil sa chathair	Plean Gníomhaíochta CCG maidir le Tithíocht a Chur ar Fáil 2022 - 2026	Aonaid shóisialta agus chostais chíos a chur i gcrích trí Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.		Aonaid a chur ar fáil i rith na bliana
		Oibriú le CCTanna maidir le seirbhísí cóiríochta do dhaoine gan dídean a chur ar fáil faoin scéim SCC.	Plean Gníomhaíochta CCG maidir le Tithíocht a Chur ar Fáil 2022 - 2026	Leanúint de chúnaimh CCG do CCT Chlann Shíomóin agus COPE maidir le scéimeanna do dhaoine gan dídean a thabhairt i gcrích		Ar bun

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD3	<b>Cúnamh agus Seirbhísí a chur ar fáil do Dhaoine gan Dídean</b>	Easpa dídine i gCathair na Gaillimhe a chosc agus a laghdú agus an spleáchas ar chóiríocht éigeandála phríobháideach a laghdú.	Líon na ndaoine a fhágann cóiríocht éigeandála a uasmhéadú trí úsáid a bhaint as na tacaíochtaí agus na sruthanna seachadta go léir atá ar fáil, i gcomhréir le Tithe a Sheachadadh, Pobail a Thógáil 2025 - 2030.	Tuairisciú míosúil agus ráithiúil ar fhigiúirí de dhaoine gan dídean don Roinn Tithíochta, lena n-áirítear anailís ar shonraí. Líon na gcosc agus líon na ndaoine a d'fhág cóiríocht éigeandála, lena n-áirítear líon na leithdháiltí tithíochta sóisialta do theaghligh gan dídean agus líon na dtionóntachtaí HAP gan dídean a cruthaíodh.	A05	Ar bun
			Plean Réigiúnach an Iarthair do Dhaoine gan Dídean 2025 - 2027 a chur i bhfeidhm	Bearta a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na spriocanna aontaithe. Gníomhú mar príomhúdarás do réigiún an Iarthair.	A05	Ar bun
			Plean Forfheidhmithe do Thús Áite don Tithíocht 2022 - 2026	Cur i bhfeidhm an Chláir do Tús Áite don Tithíocht, líon na dtionóntachtaí Tús Áite don Tithíocht.	A05	Ar bun
		An réimse tacaíochtaí atá ar fáil do theaghligh gan dídean a leathnú agus a chinntiú go bhfuil rogha cóiríochta éigeandála ar fáil do dhaoine a measann Comhairle Cathrach na Gaillimhe go bhfuil siad gan dídean.	An Creat um Chaighdeán Náisiúnta Cáilíochta a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear athbhreithniú ar ghníomhaireachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine gan dídean.	Comhlíonadh an Chreata um Chaighdeán Náisiúnta Cáilíochta i Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean. A chinntiú go léiríonn comhaontuithe leibhéal seirbhíse maoiniú Alt 10.	A05	Ar bun
			Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar roghanna cóiríochta éigeandála i gCathair na Gaillimhe.	Acmhainn leordhóthanach i seirbhísí éigeandála do dhaoine gan dídean.	A05	Ar bun

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD4	RAS agus HAP a chur ar fáil agus a bhainistiú	An Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) agus an Scéim Chóiríochta Ar Cíos (RAS) a bhainistiú, a chur i bhfeidhm agus tuairisc a thabhairt orthu.	Bainistiú agus cur chun cinn scéimeanna HAP agus RAS, i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta.	Spriocanna seachadta a bhaint amach, mar atá leagtha síos ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, líon na n-aonad a fuarthas. Scéimeanna a bhainistiú, lena n-áirítear cúrsaí tionóntachta agus íocaíochtaí cíosa tiarna talún/AHB.	A07	Ar bun
			Athbhreithniú cíosa difreálach a dhéanamh ar gach Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP), Scéim Chóiríochta ar Cíos (RAS) agus Tionóntachtaí Léasa, i gcomhréir le Scéim Cíosanna Dífreálacha 2025.	Athbhreithniú cíosa domhanda ar HAP/RAS, agus gach táille cíosa á ríomh faoi Scéim Cíosanna Dífreálacha 2025	A07	Ar bun
			Dul chun cinn maidir le daoine a bhfuil forlónadh cíosa á fháil go fadtéarmach acu a athrú ó RCS go ÍCT.	Aistrithe ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí go Comhairle Cathrach na Gaillimhe a dhéanamh de réir a chéile agus ar bhonn comhaontaithe.	A07	Ar bun

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD5	<b>Measúnóireacht agus Dáileadh maidir le Tithíocht</b>	Measúnú ar Riachtanais Tithíochta atá dírithe ar an gcustaiméir a chur ar fáil chun eolas a thabhairt do leithdháileadh na tithíochta sóisialta.	An liosta feithimh tithíochta sóisialta a bhainistiú, lena n-áirítear measúnú ar iarratais agus an Measúnú ar Riachtanais Tithíochta a chríochnú, i gcomhréir le reachtaíocht tithíochta agus treoirlínte na Roinne.	Measúnú ar Riachtanais Tithíochta bliantúil a chríochnú faoin spriocdháta. Iarratais ar thithíocht a mheas laistigh de thréimhse ama reachtúil	A02	Ar bun
		Clár leithdháilte tionóntachta a athbhreithniú agus leanúint ar aghaidh leis.	Scéim athbhreithnithe Tosaíochtaí Ligin 2026 a athbhreithniú agus a ullmhú. Leanúint den phróiseas leithdháilte d'fholús, d'éadálacha, do scéimeanna nua tógála agus do réadmhaoin AHB. Córas Rogha Tithíochta a bhainistiú chun tionóntachtaí tithíochta sóisialta a leithdháileadh.	Scéim nua Tosaíochtaí Ligin a fhoilsiú. Am laghdaithe don phróiseas leithdháilte. Líon na dtithe sóisialta a leithdháileadh. Líon na dtionóntachtaí tithíochta sóisialta a leithdháileadh trí Scéim Rogha Tithíochta.	A02	Q3
		Plean Straitéiseach Chathair na Gaillimhe do Dhaoine faoi Mhíchumas a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.	An Creat Náisiúnta Forfheidhmiúcháin maidir leis an Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	Líon na gcruinnithe a bhí ag an nGrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais. Dréacht-Straitéis Míchumais Chathair na Gaillimhe a fhoilsiú.	A02	Ar bun

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD6	<b>Tionóntachtaí agus eastáit tithíochta a bhainistiú agus tacú leo.</b>	Tacaíochtaí tionóntachta agus seirbhísí bainistíochta eastát ardchaighdeán a chur ar fáil do gach duine, trí chothromaíocht deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint, lena gcinntítear pobail atá cuimsitheach go sóisialta, sábháilte agus inbhuanaithe.	Forálacha de Straitéis Bainistíochta Eastát agus Straitéis um Iompar Frithshóisialta Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear rannpháirtíocht tionóntachta agus clár feabhsaithe pobail. Comhlíonadh comhaontuithe tionóntachta a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.	Taifid ar obair chomhoibríoch le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear ranna Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, cumainn áitritheoirí, An Garda Síochána agus rannpháirtíocht dhíreach le tionóntaí. Líon na rabhadh tionóntachta a eisíodh.	A04	Ar bun
		Tionóntachtaí tithíochta a bhainistiú chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as stoc tithíochta sóisialta	Géilleadh, comharbas, aistriú agus iarratais ‘cead chun cónaí’ a bhainistiú, i gcomhréir leis an Scéim Tosaíochtaí Ligin. Iarratais faoi Scéim Ceannaigh Incriminteach ag Tionóntaí 2016 a bhainistiú agus a chur chun cinn.	Líon na n-iarratas a phróiseáiltear.	A04	Ar bun
		Cuntais chíos a bhainistiú agus a choinneáil, lena n-áirítear athbhreithniú cíosa difreálach ar thionóntachtaí uile na Comhairle.	Athbhreithniú cíosa difreálach a dhéanamh, i gcomhréir le Scéim Cíosanna Difreálacha 2025.	Athbhreithniú cíosa domhanda ar thionóntachtaí uile na comhairle, agus gach táille cíosa á ríomh faoi Scéim Cíosanna Difreálacha 2025		Ar bun

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD7	Clár Chóiríochta an Lucht Siúil	<p>Na cuspóirí</p> <p>agus spriocanna atá leagtha amach sa TAP 2025 – 2029 a chur i bhfeidhm</p>	<p>Na cuspóirí</p> <p>agus spriocanna atá leagtha amach sa TAP 2025 – 2029 a chur i bhfeidhm</p>	<p>Scéimeanna caipitil a thabhairt ar aghaidh trí phleanáil agus soláthar</p> <p>i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil agus i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar amach agus a comhaontaíodh in TAP lena n-áirítear An Caorán (8) agus Dabhach Uisce (4). (4). Tabhairt ar Aird: An Cuarbhóthar (5) seachadta in 2025</p> <p>Leanúint de réiteach a lorg ar shuíomh sealadach Cheathrú an Bhrúnaigh agus ar Láithreáin stad Chúl Trá</p> <p>Leanúint de chomhoibriú le Respond ar fhorbairt an tsuímh ag Dabhach Uisce chun aonaid a chur ar fáil do Chóiríocht don Lucht Siúil.</p> <p>Leanúint den chlár suirbhéanna agus d'uasghráduithe soláthair.</p>	A01	
		<p>Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil feidhmiúil agus éifeachtach a chinntiú</p>	<p>Cruinnithe rialta LTACC a reáchtáil chun monatóireacht a dhéanamh ar TAP2025 – 2029 lena n-áirítear cruinnithe rialta d'fhoghrúpaí LTACC (Oibríochtaí agus Bainistíocht Eastáit)</p>	<p>Cruinnithe rialta LTACC a reáchtáil chun monatóireacht a dhéanamh ar TAP 2025 – 2029 lena n-áirítear cruinnithe rialta d'fhoghrúpaí LTACC (Oibríochtaí agus Bainistíocht Eastáit)</p>		

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD8	<b>Iasachtaí Tithíochta agus Deontais a Bhainistiú</b>	Iasachtaí tithíochta a sholáthar chun tacú le daoine aonair agus le teaghlaigh a dtithe féin a cheannach nó a athchóiriú.	Iasacht Tithíochta an Údaráis Áitiúil agus Iasacht Athchóirithe an Údaráis Áitiúil a bhainistiú agus a chur chun cinn.	Cruinnithe rialta den Choiste Creidmheasa chun iarratais ar iasachtaí a bhreithniú. Líon na n-iarratas a próiseáladh, líon na n-iasachtaí a ceadaíodh agus líon	A03	
		Deontais tithíochta a chur ar fáil chun tacú le daoine aonair agus le teaghlaigh a gcóiríocht a chur in oiriúint chun freastal ar riachtanais athraitheacha a dteaghlach.				
SD9	<b>Comhtháthú Seirbhísí</b>	Cuimsiú sóisialta iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta,  Dídeanaithe Cláir agus Tairbhíthe Cosanta  Sealadaí a chur chun cinn i bpobail áitiúla trí úsáid éifeachtach a bhaint as prionsabail agus cleachtais forbartha pobail agus tacaíochtaí comhtháthaithe áitiúla.	Gníomhaíochtaí arna gcur i gcrích ag Foireann Imeasctha an Údaráis Áitiúil, i gcomhréir leis na treoirlínte QW Freastal ar an macasamhail le do Chosaint Dídeanaithe na hÉireann.	Clinicí tacaíochta a dhéanamh gach coicís ar fud gach suíomh. Cruinnithe an Fhóraitim um Chomhtháthú Pobail. Tús a chur leis an IRPP3 Clár.		

Tagairt	Na Príomhs heirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD10	<b>Bearta faoin bPlean Gníomhaíochta maidir leis an Aeráid a chur i bhfeidhm</b>	Bearta a leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta CCG maidir leis an Aeráid a chur i bhfeidhm	Úsáideoirí suntasacha fuinnimh sa roinn le bheith ag obair mar chuid d'Fhoireann Fuinnimh trasrannach chun bearta coigilte fuinnimh a chur i bhfeidhm. Tacú leis an gClár Ambasadóra Aeráide, i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. An Clár Athfheistiúcháin maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh			
SD11	<b>Obair Bainistíochta agus Cothabhála maidir leis an Stoc Tithíochta</b>	Cur i bhfeidhm leanúnach na gclár cothabhála agus bainistíochta pleanáilte lena n-áirítear athsholáthar coire, fuinneoga agus doirse, deisiú dín, cláir feabhsúcháin radóin, cur i bhfeidhm leanúnach an Chláir um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus leanúint de shuirbhé ar stoc cothabhála ar bhealach pleanáilte. Bainistíocht fheabhsaithe ar stoc tithíochta sóisialta lena n-áirítear clár cothabhála pleanáilte agus éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe tithe sóisialta le sprioc do gach stoc tithíochta íosrátaíl B2 BER a bhaint amach.	Tithíocht do Chách	Leanúint den obair chothabhála atá beartaithe agus leis an mbainistíocht sócmhainní i ndáil leis an stoc tithíochta.	A01	Seachadadh trí chláir ilbhliantúla.
				Leanúint den obair chothabhála atá beartaithe agus leis an mbainistíocht sócmhainní i ndáil leis an stoc tithíochta	A01	Seachadadh trí chláir ilbhliantúla.
				Leanúint den obair chothabhála atá beartaithe agus leis an mbainistíocht sócmhainní i ndáil leis an stoc tithíochta, agus bonn a chur faoi sin le suirbhéireacht chuimsitheach ar chuma an stoic, i gcomhréir le tionscnamh na RTRÁO ina leith sin.	A01	Toradh saothair trí chláir ilbhliantúla i gcomhréir le cistí ón RTRÁO.

Tagairt	Na Príomhs heirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD11	<b>Obair Bainistíocht a agus Cothabhála maidir leis an Stoc Tithíochta</b>	Cur i bhfeidhm leanúnach na gclár cothabhála agus bainistíochta pleanáilte lena n-áirítear athsholáthar coire, fuinneoga agus doirse, deisiú dín, cláir feabhsúcháin radóin, cur i bhfeidhm leanúnach an Chláir um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus leanúint de shuirbhé ar stoc cothabhála ar bhealach pleanáilte. Bainistíocht fheabhsaithe ar stoc tithíochta sóisialta lena n-áirítear clár cothabhála pleanáilte agus éifeachtúlacht fuinnimh mhéadaithe tithe sóisialta le sprioc do gach stoc tithíochta íosrátaíl B2 BER a bhaint amach.	Tithíocht do Chách	Leanúint leis an gClár Athfheistithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh ar bhealach pleanáilte de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.	A01	Toradh saothair trí chlár ilbhliantúla i gcomhréir le cistí ón RTRÁO.
				Spríocanna bliantúla a bhaint amach maidir le stoc folamh tithíochta de chuid na Comhairle (<1.5%) agus NOAC Táscairí	A01	Seachadadh trí chlár ilbhliantúla.
SD12	<b>Rialú Tógála agus Íoschaigh deáin</b>	Comhlíonadh na Rialachán um Rialú Tógála, na Rialachán Tógála, na Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta agus Feidhmíocht Fuinnimh i bhFoirgnimh a chinntiú. Comhlíonadh Rialachán na dTithe (Caighdeán do Thithe ar Cíos), 2019 a chinntiú	Iníúcháireacht a dhéanamh ar 12% go 15% de na foirgnimh nua a fógraíodh. Iníúcháireacht a dhéanamh ar 25% den chóiríocht atá ar cíos agus cláraithe sa chathair.	Foirgnimh nua a ndearnadh iniúchadh orthu (Foirgnimh nua a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a fógraíodh)		Ar siúl agus i gcomhréir le coinníollacha na Reachtaíochta

Tagairt	Na Príomhs heirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
SD13	Áiseanna	Barr éifeachtúlachta a thabhairt i gcrích san obair bainistíochta agus cothabhála ar áiseanna na Comhairle, oifigí, iostaí agus saoráidí eile ina measc.	<p>Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar pháirceáil don fhoireann agus do chustaiméirí riachtanais incháilitheachta éagsúla acu. Fónamh do Chruinnithe Comhairle a réachtáil.</p> <p>Polasaí Bainistíochta maidir le cuairteoirí a chur i bhfeidhm. Bainistíocht conarthaí corparáideacha. Bainistíocht maidir le Maolú ar Ídiú Fuinnimh agus Cruthú Dramhaíle. Cúnamh taca maidir le Bainistíocht Áiseanna a chur ar fáil</p>	<p>Rochtain agus oibriú sábháilte páirceála poiblí /foirne ag Halla na Cathrach a bhainistiú go héifeachtach. A chinntiú go mbíonn Seomra na Comhairle agus áiteanna eile cruinnithe oiriúnach don chuspóir. A chinntiú go leantar nósanna imeachta dea-chleachtais chun timpeallacht oibre shlán agus áis phoiblí a choinneáil. Leanúint de rialtacht agus de bhainistíocht maidir le conarthaí seirbhísí taca i gcomhréir leis na treoirlínte soláthair. Seirbhísí cothabhála a bhainistiú agus tacú leo de réir riachtanais reachtúla. Monatóireacht maidir le hídiú fuinnimh agus cruthú dramhaíle agus bearta éifeachtachta a chur i bhfeidhm/a spreagadh. Bainistíocht ar áiseanna a chur ar fáil trí chúnamh taca deisce cabhraí. Seirbhís Porter a éascú i ngach ionad oifige.</p>		Ar siúl agus i gcomhréir le coinníollacha na Reachtaíocht a

## 11. An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Oibríochtúil



## 11.1 An Timpeallacht:

**Aidhm Straitéise:** Timpeallacht nádúrtha na cathrach a chosaint, a fheabhsú, agus a chaomhnú, agus aird agus tuiscint ar chúrsaí timpeallachta a chothú an tráth céanna trí chomhoibriú le heagraíochtaí agus le dreamanna áitiúla pobail. Tá d’aidhm feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil ag muintir na cathrach uilig trí thimpeallacht uirbeach inbhuanaithe a chothú atá cóiriúil don timpeallacht.

### Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



Tagairt	Na Príomhs heirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
EN1	<b>Monatóireacht agus Bainistíocht leith Phlean BCMCC</b>	Tuairisc a thabhairt ar thorthaí Phlean RMCEI do 2025 agus Plean 2026 a ullmhú.	Treoirlínte an EPA agus tosaíochtaí náisiúnta a chomhlíonadh.	Spriocanna agus spriocdhátaí a leagtar amach i bPlean RMCEI a bhaint amach.	E07	Go bliantúil
EN2	<b>Monatóireacht agus Bainistíocht ar Ghnóthaí Forfheidhmiúcháin maidir le Dramhaíl</b>	Reachtaíocht maidir le Bainistiú Dramhaíola a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear NEPanna do 2026.  Bainistíocht ar Cheadanna do Mhonarchana Dramhaíola.	NEPanna do 2026 a chomhlíonadh lena n-áirítear dul i ngleic le gníomhaíocht dramhaíola mídhleathaí, dumpáil mhídhleathach, bailitheoirí neamhúdaraíthe agus diúscairt dramhaíola tógála agus scartála agus FRC. Bailiú dramhaíola maidir le dramhaíl tí agus dramhaíl tráchtála. Comhlíonadh reachtaíochta, taifid chlárúcháin agus bailíochtú tuairisceáin bhliantúil ar cheadanna.	Tosaíochtaí nua NEP a chomhlíonadh. Tuairiscí rialta ar a fheabhas a chuirtear i gcrích. Tuairisc i scríbhinn ar ghearáin agus beart dá réir. Nósanna imeachta maidir le ceadanna saoráidí dramhaíola i bhfeidhm.	E07	Go bliantúil

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
<b>BTOTC 2</b>		Maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht ghairmiúil agus éifeachtúil tionscadal caipitil, a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le cuspóirí straitéiseacha na Comhairle agus cloí leis na cleachtais is fearr i ndearadh agus tógáil.				Gach Ráithe cruinnithe ar siúl le `` maoiniú grúpa `` aitheanta ag Ranna ábhartha Gníomhartha comhaontaithe bliantúla curtha i bhfeidhm.

## 12.2 Cuspóir Taistil Ghníomhaigh:

**Aidhm Straitéise:** Ceannródaíocht a dhéanamh maidir le gnéithe nua agus uasghrádaithe a thabhairt i bhfeidhm maidir le coisíocht, imeacht ar rothaí agus rothaíocht ar fud na cathrach, le ceangal le gréasáin taistil réigiúnacha a thagann faoi chúram Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Cabhróidh seo le fíis Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur i gcrích, ina saináithnítear an gá atá le haistriú i dtreo taisteal inbhuanaithe, agus an brath ar an ngluaisteán príobháideach a laghdú. Áirítear leis seo lánaí scoite rothaíochta agus fairsingiú ar chosáin, droichid nua siúlóide agus rothaíochta agus trasrianta nua do choisithe. Ar cheann de na príomhaidhmeanna, tá cur le líon na ngréasán siúlóide agus rothaíochta ionas gur siúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí a bhíonn i gceist le 50% de gach aistear a dhéantar faoin mbliain 2030.

### Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



Tagairt	Na Príomhsheirbhí sí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
AT1	<p><b>Príomhthionscaldail Taistil</b></p> <p><b>Ghníomhaigh ó Straitéis Iompair na Gaillimhe</b></p> <p><b>Iompar a chur chun cinn: BusConnects Gaillimh</b></p>	<p>Nasc Traschathrach</p> <p>(Bóthar na hOllscoile go Bóthar Bhaile Átha Cliath).</p>	<p>Bearta tosaíochta d'iompar poiblí, rothaíocht agus coisithe ó Bhóthar na hOllscoile go hAcomhal Mhóinín na gCiseach agus feabhsuithe acmhainne Líonra Rochtana Lár na Cathrach idir Loch Atalia agus Bóthar Áth Cinn (trí Bhóthar Fhaiche an Aonaigh, Bóthar Uí Eithir, an Bóthar Mór agus Bóthar na mBan).</p>	<p>Dul chun cinn go dearadh mionsonraithe tar éis toradh cinneadh dlíthiúil</p>	ÚNI	Cinnfidh toradh éisteacht JR i mí na Nollag amlíne.

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
AT2	<b>Príomhthionscada il Taistil Ghníomhaigh ó Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun cinn: Tionscadal Iompair N6</b>	Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe – N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe.	An scéim a thabhairt chun cinn leis an nGrúpa Stiúrtha, le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le BIÉ d'fhonn cuarbhóthar a chur ar fáil do Chathair na Gaillimhe i gcomhréir le SIG.	Páirt comhalta a ghlacadh in obair an Ghrúpa Stiúrtha.	BIÉ	Cáipéisí curtha faoi bhráid ACP arís i Ráithe 2 2025. Ag fanacht ar chinneadh.
AT3	<b>Príomhthionscada il Taistil Ghníomhaigh ó Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun cinn: BusConnects Gaillimh.</b>	Bóthar Bhaile Átha Cliath.	Bearta tús áite do bhusanna a thabhairt i bhfeidhm le Bóthar Bhaile Átha Cliath as Móinín na gCiseach go Timpeallán na Máirtíneach, gnéithe bonneagair coisíochta agus rothaíochta san áireamh, i gcomhréir le SIG.	Thug ACP cead i mí Mheán Fómhair 2025. Próiseas OCÉ ar siúl i mí na Nollag 2025	An tÚNI agus an CAFU	R1 2026 Comhairleoirí a sholáthar le haghaidh Dearadh Mionsonraithe. (Faoi réir thoradh rathúil an Ath-bhreithnithe Bhreithiúnaigh).
AT4	<b>Taisteal Inbhuanaithe a chur chun cinn agus a spreagadh: Straitéis Iompair na Gaillimhe</b>	Ciorcal Casta na Páirce Móire do Bhusanna.	Tógáil caschiorcail bus a bhrú ar aghaidh i R2 2026.	Comhairleoirí ag dul chun cinn le céim 5a dearadh mionsonraithe i Q.1. Céim 5b soláthar conraitheora i Ráithe 1/2. Tús a chur leis an tógáil i Ráithe 3/4.	ÚNI	Ráithe 3/4- 2026
		Trasrian Coisithe Dhroichead na mBradán.	Trasrian a nascaidh cosán ar Bhóthar na hOllscoile agus Droichead an Dóchais agus a fheabhsóidh sábháilteacht do gach úsáideoir.	Céim 7 a chríochnú agus clabhsúr a chur air i Ráithe 1 2026		Ráithe 1 - 2026

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
AT5	<b>Príomhthionsc adail Taistil Ghníomhaigh ó Straitéis Iompair na Gaillimhe a chur chun cinn: BusConnects Gaillimh</b>	Plean Bainistíochta Iompair Lár na Cathrach	Idirghabhálacha spriocdhírthe ar Líonra Rochtana Lár na Cathrach (CCAN).	Plean a chomhaontú le ÚNI agus féachaint le comhairleoirí a cheapadh chun scrúdú a dhéanamh ar an gceantar d'fhonn idirghabhálacha bainistíochta tráchta a thabhairt ar aghaidh feadh Líonra Rochtana Lár na Cathrach (CCAN)	ÚNI agus CAFU	Cainteanna ar siúl le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair
AT6	<b>Taisteal Inbhuanaithe a chur chun cinn agus a spreagadh: Straitéis Iompair na Gaillimhe.</b>	Cosc Tráchta	Modhanna costha oiriúnacha a úsáid chun trácht neamhoiriúnach feithiclí a chosc ar áiseanna agus chuig saoráidí do lucht coisíochta agus rothaíochta an tráth céanna a gceadaítear bealach isteach don uile dhuine.	Tá an próiseas deartha mionsonraithe lena n-áirítear Iniúchadh ar Shábháilteacht ar Bhóithre don chéad Ghrúpa de 9 Rialú Rochtana críochnaithe. Obair thógála le tosú R4 2025. Tús curtha leis an obair dearthóireachta maidir le Grúpa 2 de na Córais Rialála Rochtana.	ÚNI	Leanfar den obair ar an tionscadal seo i rith na bliana 2026 i gcomhpháirtíocht agus i gcomhar le CCG, ÚNI agus geallsealbhóirí a bhaineann le hábhar.
AT7	<b>Bonneagar Siúlóide agus Rothaíochta nua agus feabhsaithe a fhorbairt - Straitéis Iompair na Gaillimhe.</b>	Céim 1 de Straitéis Rothaíochta na Gaillimhe a chur i bhfeidhm (Oirthear) CCN	An Baile Bán/Páirc an Chaisleáin	Tógáil a chríochnú i Ráithe 3 don Bhaile Bán/Páirc an Chaisleáin	ÚNI/C AFU	Ráithe 3 2026
			Dabhach Uisce Theas Bóthar Mhuine Mheá Thoir	Céim 7 a chríochnú agus clabhsúr a chur Réamhdhearadh Chéim 3 ÚNI a thabhairt chun críche. Pleanáil Chéim 4 ÚNI a thosú i Ráithe 1air	ÚNI/C AFU ÚNI/C AFU	Ráithe 1 2026

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
AT8	Bonneagar Siúlóide agus Rothaíochta nua agus feabhsaithe a fhorbairt - Straitéis Iompair na Gaillimhe.	Céim 2 de Straitéis Rothaíochta na Gaillimhe a chur i bhfeidhm (Iarthar) CCN	Bóthar Stiofáin	Tógáil a chríochnú ar Bhóthar Stiofáin i Ráithe 3.	ÚNI/C AFU	Ráithe 3 2026
			Bóthar Dáileacháin an Iarthair	Tógáil a thosú ar Bhóthar Dáileacháin an Iarthair i Ráithe 4.	ÚNI/C AFU	Ráithe 4 2026
			Bóthar an Chlaí Bháin	Céimeanna 3/4 a chur chun cinn i Ráithe 2	ÚNI/C AFU	Ráithe 2 2026
			Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín	Tús a chur le céim 1 i Ráithe 4		Ráithe 4 2026
AT9	Forbairt Áiseanna Páirceála agus Taistil a chur chun cinn - Straitéis Iompair na Gaillimhe.	Páirceáil agus Taisteal	Áiseanna Páirceála agus Taistil a chur chun cinn	Iarratas pleanála a chur isteach do 'Páirceáil agus Taisteal' ag Páirc na Ceapaí.  Oibriú leis an ÚNI chun suíomhanna breise páirceála agus taistil a aithint.	ÚNI	Ráithe 1 2026 - Á stiúradh ag ÚNI
AT10	Taisteal Inbhuanaithe a chur chun cinn agus a spreagadh: Straitéis Iompair na Gaillimhe.	Sráid Scoile/Criosa nna Scoile	Tionscnaimh chrios scoile a chur ar bun i scoileanna breise faoi réir maoinithe.	Athbhreithniú a dhéanamh ar phleananna seachadta SRTS nuair a fhaightear iad  Bundearthóireacht a thabhairt chun cinn maidir le scoileanna áirithe.  Comhairliúchán Poiblí a éascú más gá.  Dul i mbun dearaidh agus próisis reachtúil do scéimeanna ábhartha.	ÚNI	Le leanúint ar aghaidh le linn 2026

Tagairt	Na Príomhsheirbhís í	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
AT11	<b>Iompar Poiblí a Fheabhsú - Clár Feabhsaithe Stad Bus</b>	D'fhonn fónamh don chóras leasaithe busanna.	Tá an clár feabhsúcháin ar stadanna bus á athbhreithniú agus á fhorbairt ag an ÚNI, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe chun an gréasán bus athbhreithnithe a éascú.	Oibriú leis an ÚNI maidir le stadanna, malartáin agus áiteanna cónaí bus a fhorbairt ar fud na Cathrach.	ÚNI	Le leanúint ar aghaidh le linn 2026- Tá clár na n-oibreacha tugtha chun críche faoi láthair.
AT12	<b>Iompar Poiblí a Fheabhsú - Athdhearadh Líonra Bus</b>	D'fhonn fónamh don chóras leasaithe busanna.	I mbun Chéim 3, réamhdhearthóireacht, faoi láthair i gcomhar le CCG & ÚNI i ndáil le bus-stadanna nua & athrú ar bhealaí bus ar fud na cathrach.	Tacú leis an ÚNI chun Líonra Busanna Athbhreithnithe Nua agus bonneagar riachtanach a chur ar fáil.	ÚNI	Raon feidhme na hoibre, táirgí insoláthartha, agus clár na n-oibreacha le cinntiú ag an ÚNI.
AT13	<b>Athbhreithniú ar Straitéis Iompair na Gaillimhe</b>	Fónamh don Údarás Náisiúnta Iompair maidir le hathbhreithniú ar SIG.	Tá obair ar an straitéis curtha ar sos ag ÚNI ach oibreoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe le Comhairle Chontae na Gaillimhe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis nuair a thosóidh an próiseas arís.	Is comhalta CCG de chuid an Ghrúpa Comhordúcháin agus déanfaidh an Chomhairle abhcóideacht ar son na Cathrach leis an ÚNI ar a bhfuil an cúram bunaidh maidir leis an athbhreithniú a dhréachtú agus a fhoilsiú.	ÚNI	D'fhógair NTA moill ar sheachadadh GMATS i mí an Mheithimh 2025.

## 12.3 Athrú Aeráide agus Cúrsaí Inmharthanachta

**Aidhm Straitéise:** Beidh an chathair ina cathair atá seasmhach ó thaobh na haeráide, ina bhfuil saibhreas bithéagsúlachta agus atá neodrach ó thaobh carbóin tráth nach déanaí ná 2050 trí bhunathrú, aistriú cóir agus gníomhú intomhaiste ar son na haeráide a chur i gcrích san eagraíocht, maidir leis na seirbhísí agus ar fud Chathair na Gaillimhe de thoradh ar cheannródaíocht, trí eiseamláir a thabhairt agus trí ghníomhaíocht a spreagadh ar leibhéal áitiúil. Tá tús áite á thabhairt ar fud an domhain do bhearta i leith athrú aeráide agus béim le fónamh á leagan ar astaíocht gás ceaptha teasa a mhaolú, athrú go dtí foinsí fuinnimh inathnuaite, feabhsú maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, nósmaireacht inbhuanaithe a chur chun cinn, agus dul in oiriúint don athrú aeráide.

Cuirtear d'Aidhm Straitéise roimh an Rannóg Gníomhú ar son na hAeráide astaíocht Ghás Ceaptha Teasa a mhaolú, Cur le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, fuinneamh inathnuaite a chur chun cinn, feabhas ó thaobh seasmhachta agus cóiriúcháin, caidreamh a spreagadh le geallsealbhóirí agus comhpháirtíocht a chothú, agus nuálaíocht agus leas as cora teicneolaíochta a chothú sa chathair.

### Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CA1	<b>Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíocht a chothú don Gníomhú ar son na hAeráide</b>	Folúntais Gníomhaíocht Aeráide acmhainní	Oibriú le hAcmhainní Daonna maidir le folúntais a líonadh	Folúntais líonta	E15	Go bliantúil
		Plean Gníomhaíochta an Údaráis Áitiúil maidir leis an Aeráid a chur i bhfeidhm	Oibriú le CARO agus le geallsealbhóirí eile maidir le bearta aontaithe a chur i bhfeidhm gach bliain.	Cruinniú gach ráithe leis an meitheal forfheidhmiúcháin Cláir cistíochta sonraithe ag na ranna lena mbaineann Bearta aontaithe na bliana curtha i gcrích	E15	Go bliantúil
		Straitéis Maolúcháin maidir le Cúrsaí Aeráide a chur le chéile	Oibriú le CARO agus geallsealbhóirí eile maidir leis an bplean a leagan amach	Cruinniú gach ráithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar a dteastaíonn Cláir cistíochta sonraithe ag na ranna lena mbaineann Plean a chur i bhfeidhm	E15	Go bliantúil
		Plean Forfheidhmiúcháin a leagan amach maidir le Criosanna Dícharbónaithe	Oibriú le CARO agus le geallsealbhóirí eile maidir le bearta aontaithe a chur i bhfeidhm gach bliain.	Cruinniú gach ráithe leis an meitheal forfheidhmiúcháin Cláir cistíochta sonraithe ag na ranna lena mbaineann Bearta aontaithe na bliana curtha i gcrích	E15	Go bliantúil

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CA1	<b>Rialachas, Ceannaireacht agus Comhpháirtíocht a chothú don Ghníomhú ar son na hAeráide</b>	Measúnacht maidir le baol don Aeráid a ullmhú	Oibriú le CARO agus le geallsealbhóirí eile maidir le bearta aontaithe a chur i bhfeidhm gach bliain.	Cruinniú gach ráithe leis an meitheal forfheidhmiúcháin Cláir cistíochta sonraithe ag na ranna lena mbaineann  Bearta aontaithe na bliana curtha i gcrích	E15	Go bliantúil
		Clárú le Misin an AE um Oiriúnú Aeráide maidir le hoiriúnú	Oibriú le meitheal mhisin an AE agus le geallsealbhóirí eile maidir le bearta aontaithe a chur i bhfeidhm gach bliain	Cruinniú gach ráithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar a dteastaíonn Cláir mhaoinithe aitheanta ag ranna ábhartha, Gníomhaíochtaí comhaontaithe bliantúla curtha i bhfeidhm	E15	Go bliantúil
		Ceangal leis an mBiúró Réigiúnach Fuinnimh	Oibriú le CARO maidir le Comhaontú Leibhéal Seirbhíse agus Meamram Comhthuisceana a leagan amach	Conradh i bhfeidhm, Gníomhaíochtaí comhaontaithe bliantúla curtha i bhfeidhm	E15	Go bliantúil
		Deiseanna cistíochta maidir le deontais taighde agus comhpháirtithe a aimsiú, iarratais a ullmhú le cur faoi bhráid	Feabhas maidir leis an tuiscint ghinearálta ar dheiseanna cistíochta agus dea-thoradh ar iarratais ina leith	Cláir cistíochta sonraithe ag na ranna lena mbaineann  Oibriú i gcomhar leis na ranna a bhaineann le hábhar d'fhonn iarratais a réiteach  Scéimeanna a bhfaightear deontas ina leith a chur i bhfeidhm leis na bearta cuí rialachais i gcomhréir leis na Treoirí	E15	Go bliantúil

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CA2	Spriocanna Astaíochta Carbóin agus Éifeachtúlachta Fuinnimh a bhaint amach do 2030 agus 2050	Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2014 IR Uimh. 426 iniúchtaí fuinnimh ar íosmhéid 85% d'fhoirgnimh phoiblí.	Sceideal iniúchóireachta maidir leis na foirgnimh chuí a leagan amach	Scrúdaithe iniúchóireachta tugtha chun críche Clár na ndeiseanna a shonraítear	E15	Go bliantúil
		Tuairisciú maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh le ÚFIÉ	Tuairisceán Monatóireachta agus Tuairiscithe a chur i gcrích (MandR)	Cláir mhaoinithe aitheanta ag ranna ábhartha, tionscadail a chur i bhfeidhm Tuairisceáin críochnaithe	E15	Go bliantúil
		Feasacht Fuinnimh - Teastais Taispeántais Fuinnimh (TTF) i bhFoirgnimh Phoiblí is mó ná an mhéid shonraithe ar a mbíonn trácht an phobail go minic.	Gach TTF ar taispeáint faoi mar a éilítear (9 bhfoirgneamh)	Leanúint d'fheabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh iomlán i dtreo spriocanna 2030 agus tuairisc a thabhairt go rialta Spáráil fuinnimh ar mhodh atá tomhaiste agus dearbhaithe.	E15	Go bliantúil
		Éifeachtúlacht fuinnimh iomlán a fheabhsú do Chathair na Gaillimhe Úsáid fuinnimh na Comhairle i bhfoirgnimh, in iompar agus i soilsiú poiblí	Cuidiú le tionscadail maidir le sábháil Fuinnimh i bhfoirgnimh a thabhairt i gcrích i gcomhar le ranna eile agus an tsábháil dá réir a thomhas le M&T fuinnimh ÚFIÉ, iniúchóireacht fuinnimh, Easnamh seachas an sprioc, etc.	Cinntiú go gcuirtear TTF ar taispeáint Tuairisceáin bhliantúla M&T a chur i gcrích An easnamh a leasú ar an uirlis spriocanna	E15	Go bliantúil

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CA2	<b>Spriocanna Astaíochta Carbóin agus Éifeachtúlachta Fuinnimh a bhaint amach do 2030 agus 2050</b>	Bealach a réiteach maidir le Córas Bainistíochta Fuinnimh ISO50001 a chur isteach	Oibriú leis an mBiúró Fuinnimh maidir leis an mbealach a leagan amach	Oiliúint ISO50001 a dhéanamh Sainchomhairleoir iniúchóireachta a cheapadh Tuairisceáin bhliantúla críochnaithe	E15	Go bliantúil
		Bainistíocht Fuinnimh agus Feabhas ar Éifeachtúlacht Fuinnimh.	Oibreoidh Lucht Tromúsáide Fuinnimh i ngach rannóg mar chuid de Mheitheal Fuinnimh tras-rannach agus le Biúró Fuinnimh nua Réigiúnach maidir le Plean Gníomhaíochta Fuinnimh a leagan amach agus Sábháil Fuinnimh a chur i bhfeidhm.	Cláir mhaoinithe aitheanta ag ranna ábhartha Tionscadail a chur i bhfeidhm. Leanúint den fheabhas maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i ndáil le spriocanna na bliana 2030 agus tuairisciú rialta a dhéanamh ina leith.	E15	Go bliantúil
		Leanúint d'oiliúint maidir le Bearta i leith Athrú Aeráide a chur i bhfeidhm trí CARO	Oibriú le CARO maidir leis an oiliúint a chur i bhfeidhm	Líon na mball foirne a cuireadh faoi oiliúint	E15	Go bliantúil
		Oibriú leis na geallsealbhóirí uilig le cur leis an úsáid as soláthar glas maidir le conarthaí ionas gur féidir astaíocht a ghabhann leis na seirbhísí a sholáthraítear a thomhas, a riar agus a mhaolú.	Cuidiú leis an roinn soláthair maidir leis an straitéis don soláthar poiblí glas a chur chun cinn.	Líon na seirbhísí a dhéantar a sholáthar trí chóras soláthair glas	E15	Go bliantúil

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CA3	Oiriúnú don Aeráid agus Seasmhacht maidir le cúrsaí Aeráide a thabhairt i gcrích	Tuairisc faoi theagmais stoirme a thabhairt do ÚFIÉ tríd a Aip WIRE	Tuairisceáin bhliantúla a dhéanamh	Cruinniú gach ráithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar a dteastaíonn Leasú á dhéanamh ar an Aip WIRE ag na ranna lena mbaineann Bearta aontaithe na bliana curtha i gcrích	E15	Go bliantúil
		Tionscadail maidir le dul in oiriúint don athrú aeráide a luaitear i bpleananna roimhe seo a thabhairt chun críche	Bearta oibre atá fós le déanamh a thabhairt chun cinn de réir na bPleananna Forfheidhmiúcháin	Cruinniú gach ráithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar a dteastaíonn Clabhsúr a chur ar an bplean oiriúnaithe	E15	Go bliantúil
		Cuidiú le ranna eile maidir le heolas a chur ar fáil ionas go mbíonn dul in oiriúint don athrú aeráide ina dhlúthchuid de gach próiseas pleanála maidir leis an am atá le theacht agus gnéithe fisiciúla.  Leanúint d'fhorbairt Scéim Faoisimh Tuilte na cathrach, Coirib go Cósta	Oibriú le CARO/ Geallsealbhoirí agus Comhairleoirí le heolas cothrom le dáta a chur ar fáil.  Rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ar fad le linn fhorbairt rogha na scéime atá ag teacht chun cinn. Bainistiú na scéime tríd an ngrúpa stiúrtha tionscadail ar a bhfuil sainchomhairleoirí ceaptha (Arup), Oifig na nOibreacha Poiblí agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe.	Líon na dtionscadal a thugtar chun críche, dul in oiriúint don athrú aeráide san áireamh  Rogha roghnaithe forbartha, rannpháirtíocht phoiblí neamhrechtúil curtha i gcrích agus rogha deimhnithe faoi Ráithe 4 2026.	E15	Go bliantúil

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
<b>CA4</b>	<b>Bearta ar son na hAeráide a spreagadh go háitiúil i measc an Phobail</b>	Máistirphlean Fuinnimh/ Cairt SEC a leagan amach	Oibriú le CARO/ Geallsealbhóirí agus Comhairleoir le plan a chur le chéile	Comhairleoirí a cheapadh agus maoiniú a fháil Plean a fhorbairt Bearta aontaithe na bliana curtha i gcrích	E15	Go bliantúil
		Fiosrú an bhféadfaí páirt a ghlacadh i misean na gCathracha atá Neodrach ó thaobh na hAeráide d'fhonn an modh ina mbaintear amach neodracht i gcás Chathair na Gaillimhe faoin mbliain 2050 a leagan amach go mion.	An t-iarratas tosaigh agus an próiseas scagthástála a chur i gcrích	Iarratas a chur i dToll a Chéile Aontú dul ar aghaidh	E15	Go bliantúil
		Treisiú le Pobal Fuinnimh Inbhuanaithe le cistíocht idirlinne/clár beartaíochta ar son na haeráide	An t-iarratas tosaigh agus an próiseas scagthástála a chur i gcrích	Cúnamh taca a thabhairt maidir leis na hiarratais a n-éiríonn leo ionas go dtugtar na tionscadail a aontaítear i gcrích	E15	Go bliantúil
		Dul i dteagmháil leis na Comhphobail Fuinnimh Inmharthana agus le páirtithe leasmhara eile chun athrú cultúir a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a n-úsáidtear fuinneamh ar fud na gceantar	Tuairisciú maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh Oibriú le ÚFIÉ d'fhonn freastal do Dhreamanna Fuinnimh Inbhuanaithe	Líon na mball foirne a chuirtear faoi oiliúint agus caighdeán na hoiliúna a chuirtear orthu. Líon áirithe Dreamanna atá an-tugtha don chúram	E15	Go bliantúil

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CA4	<b>Bearta ar son na hAeráide a spreagadh go hÁitiúil i measc an Phobail</b>	Réimse feachtas feasachta ar ghníomhú ar son na haeráide a chruthú i gcomhar le grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara eile chun cumas a fhorbairt	Oibriú le ÚFIÉ/CARO/Dreamanna Pobail maidir le heolas agus faisnéis a chraobhscaoileadh	Líon na ngrúpaí pobail lena gcothaítear caidreamh	E15	Go bliantúil
		Tacú le pobail chun Ba mhór ag Aonad na dTeach Teolaí  Brostú le hathfheistiú in árais phríobháideacha Cur le líon na mball foirne sáraithe Constaicí roimh athfheistiú a mhaolú	Aontú ar bheart na bliana agus iad a chur i gcrích	Líon na n-áras cónaithe san earnáil phríobháideach a ndéantar athfheistiú orthu	E15	Go bliantúil
		Cúnamh taca a thabhairt maidir le tionscadail a n-éiríonn leis an iarratas ina leith faoin gciste maidir le Beartaíocht Pobail i leith na hAeráide	Oibriú in éineacht le grúpaí pobail le tionscadail maidir le beartaíocht i leith na haeráide a thabhairt chun críche	Cúnamh taca a thabhairt maidir leis na hiarratais a n-éiríonn leo ionas go dtugtar na tionscadail a aontaítear i gcrích	E15	Go bliantúil

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CA5	<b>Gníomhú ar son na hAeráide san Fhiontraíocht a spreagadh agus tacú le haistriú go Geilleagar Cuimsitheach, Neodrach agus Ciorclach</b>	Oibriú i gcomhar le ranna eile le feachtais, tionscnaimh agus tionscadail ar mhaithe le hathrú nósmaireachta maidir le hídiú fuinnimh a mhaolú a chur ar bun i ngnólachtaí Chathair na Gaillimhe.	Cruinnithe/Seisiúin Foghlama le Lón, ceardlanna a eagrú d'fhonn cáipéisíocht agus eolas a scaipeadh.	Líon na foirne inmheánacha ar pléadh leo Líon na bhfiontar ar pléadh leo	E15	Go bliantúil
		Réimse moltaí maidir le laghdú tionchair aeráide a chruthú i gcomhar le fiontraíocht agus tacú le nuálaíocht	Cruinnithe/Seisiúin Foghlama le Lón, ceardlanna a eagrú d'fhonn cáipéisíocht agus eolas a scaipeadh.	Líon na ngnólachtaí a gcothaítear caidreamh leo	E15	Go bliantúil
CA6	<b>'Aistriú Cóir' a thabhairt i gcrích, go háirithe maidir le dreamanna den phobal a d'fhéadfadh a bheith faoi Mhíbhuntáiste Eacnamaíochta mar gheall ar Thionscadail Dícharbónaithe.</b>	An toradh is fóna is féidir ar chlár cistíochta a thabhairt i gcrích, lena n-áirítear: <ul style="list-style-type: none"> <li>An Ciste maidir le Beartaíocht Phobail i leith na hAeráide</li> <li>Cistíocht Idirlinne do Dhreamanna Fuinnimh Inbhuanaithe, Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann</li> </ul> An clár Oideachais agus Tuisceana a chur i bhfeidhm	Feabhas maidir leis an tuiscint ghinearálta ar dheiseanna cistíochta agus dea-thoradh ar iarratais ina leith	Scéimeanna deontais a chur i bhfeidhm, Spriocanna agus spriocdhátaí a leagtar amach sa Phlean a bhaint amach, Daoine áitiúla a thagann le chéile a chur chun cinn, a mholadh agus tacú leo chun gach rud atá go maith faoina gceantar a mhúnlú, a athrú agus taitneamh a bhaint as.	E15	Go bliantúil

## 12.4 Forbairt Pobail, Sócmhainní Corparáide agus Suíomhanna Tréigthe

**Aidhm Straitéise:** Caighdeán an tsaoil a fheabhsú trí pháirt an phobail a chothú, dlús sóisialta, an teacht ar sheirbhísí agus athchóiriú ar áitribh atá tréigthe nó ar beag úsáid a bhaintear astu ar mhaithe le beocht a chur in athuair i gcomharsanachtaí. Éagsúlacht ghlórtha áitiúla a chumasú agus a chur i ngníomh agus dul i ngleic le riachtanais éagsúla an phobail trí chlár agus trí thionscnaimh, agus feabhas á chur ar shábháilteacht phoiblí agus infheistíocht pobail á spreagadh ag an am céanna.

### Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CD1	An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ)	Bainistiú éifeachtach ar an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil	Pleanáil, comhordú agus monatóireacht ar chlár forbartha pobail áitiúla agus ar chistiúchán i gCathair na Gaillimhe Monatóireacht a dhéanamh ar chur i gcrích na mbeart faoi Phlean Chur i bhfeidhm PÁEP 2026 - 2027 A chinntiú go mbaintear amach spriocanna tuairiscithe LDC/CCSGP.	6 chruinniú de chuid CFPÁ Chathair na Gaillimhe i rith na bliana 2026 Clár cistíochta curtha i bhfeidhm ag na ranna lena mbaineann Tuairiscí Monatóireachta PÁEP a ullmhú	D0601	Ar bun

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CD2	<b>Plean Áitiúil Eacnamaíocht a agus Pobail (LECP)</b>	Fónamh do chur i gcrích na mbeart faoi Phlean Chur i bhfeidhm PÁEP 2026 - 2027	Gníomhaíochtaí ar leith a sheachadadh i bPlean Forfheidhmithe an LECP 2026 - 2027 Monatóireacht agus comhchaidreamh leis na príomhpháirtneirí agus cúnamh taca maidir le bearta a thabhairt i gcrích Córas monatóireachta a leagan amach agus caidreamh a chothú le páirtneirí feidhme	Tuarascáil a thabhairt ar sheachadadh Phlean Forfheidhmithe an LECP 2024 - 2026 Tuarascáil a thabhairt ar ghníomhaíochtaí an Phlean Forfheidhmithe 2026 - 2027 a chur i gcrích don CFPÁ Tuirisc monatóireachta a chur ar fáil faoi thabhairt i bhfeidhm na mbeart agus a raibh de thoradh orthu i rith 2025 - 2026 Glacadh IP ag CFPÁ	D0603	2024 - 2028
CD3	<b>An Clár CCSGP 2024 - 2028</b>	An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CCSGP) a thabhairt i bhfeidhm	Monatóireacht maidir le feidhmiú agus obair leanúnach an chlár CCSGP arna thabhairt i bhfeidhm ag Comhpháirtíocht Chathair na Gaillimhe Aontú maidir le próiseas pleanála an CCSGP tríd an CFPÁ Iniúcháireacht Inmheánach Bhliantúil maidir leis an gclár CCSGP Tuirisc de réir mar a éilítear le Pobal / RFTP Níos mó acmhainní a dhíriú ar dhreamanna faoi mhíbhuntáiste agus ar spriocghrúpaí aontaithe	Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm chlár CCSGP i rith na bliana 2026 agus tuairiscí a chur faoi bhráid an CFPÁ agus Pobal de réir mar a éilítear An próiseas a chur i gcrích i gcomhréir le treoirlínte / tráthchlár RFTP. Iniúchadh Inmheánach Bliantúil a dhéanamh Tuiriscí iomlána de réir mar a éilítear. Príomhtháscairí Feidhmíochta aontaithe CCSGP a bhaint amach	D0603	

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CD4	<b>Scéimeann a Maoinithe Pobail</b>	Scéimeanna maoinithe ag an DRCDG agus ag Deontas Pobail Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a chomhordú agus a bhainistiú	Scéimeanna maoinithe éagsúla a riar tríd an CFPÁ agus Coiste Deontas Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, lena n-áirítear: Clár Feabhsúcháin Áitiúil 2026 Deontais CAIRDE Féilte Pobail Áitiúla Deontais um Chuimsiú Sóisialta ón gCiste Aitheantais Pobail	Cláir mhaoinithe a riar i gcomhréir le treoirlínte agus frámaí ama Rannpháirtíocht an phobail trí chruinnithe eolais maidir le deontais a chuirtear ar fáil chun tacú le grúpaí pobail agus iad a chur ar an eolas. Líon na n-iarratas ar mhaoiniú a fuarthas agus tarraingt anuas maoinithe	D0601	2026
CD5	<b>Éire na Sláinte</b>	Plean Oibre do Ghníomhaíochtaí Bliantúla 2026 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Straitéis Áitiúil Chiste Éire Shláintiúil 2023-2026 do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe faoi Chiste Éire Shláintiúil, Babhta 4	Fónamh do dhéanamh na mbeart faoi Bhabhta 4 Chiste Éire na Sláinte An clár oibre maidir le cúrsaí sláinte agus folláine a chur chun cinn trí chórais an údaráis áitiúil Freastal don phleanáil agus d'ullmhú phlean oibre na bliana 2026 faoi Éire na Sláinte, Babhta 4 Ballraíocht de Líonra Cathracha Sláintiúla Eorpacha WHO faoi Chéim VIII	Na gníomhartha/bearta aontaithe a thabhairt i bhfeidhm agus iomlán an chaiteachais faoi Bhabhta 4 a dhéanamh Tuairiscí / tuairisceáin a chur le chéile agus a chur faoi bhráid Pobal de réir an tráthchláir 4 chruinniú de Choiste Stiúrtha Chathair Shláintiúil na Gaillimhe i rith na bliana 2026 Cur i bhfeidhm rathúil faoi Líonra Cathracha Sláintiúla Eorpacha WHO faoi Chéim VIII	D0905	2026

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CD6	<b>Caidreamh a Chothú leis an bPobal</b>	Leanúint de chaidreamh a chothú le grúpaí imeallaithe sa chathair	<p>Leanúint de chaidrimh láidre a thógáil agus a chothú le daoine den phobail, le grúpaí áitiúla, agus le páirtithe leasmhara.</p> <p>Cuimsiú sóisialta agus tionscnaimh forbartha pobail a dhearadh agus a chur i bhfeidhm atá oiriúnach do riachtanais na bpobal áitiúil.</p> <p>Oiliúint, ceardlanna agus treoir a chur ar fáil do cheannairí agus d'oibrithe deonacha an phobail</p> <p>Leanúint d'oibriú lámh i lámh le Comhaltaí Tofa agus comhoibriú ar fud leibhéal na stiúirthóireachta chun tacú le cur i bhfeidhm tionscnaimh ar mhaithe le pobail áitiúla</p> <p>Cúnamh a thabhairt chun deiseanna cistíochta a aithint, iarratais ar dheontais a réiteach, agus bainistíocht a dhéanamh ar thionscnaimh forbartha pobail.</p>	<p>Tionscadail bheaga á dtabhairt i gcrích go sásúil i measc an phobail.</p> <p>Riarachán ar leithroinnt cistí le grúpaí pobail agus an tionscnamh 'Labhair Amach'</p> <p>Comhaontaíodh an fhoireann agus an clár oibre lena n-áirítear ról nua mar Oifigeach Rochtana chun bunú Coiste Stiúrtha um Míchumas &amp; Cuimsiú/'Make Way Day' a éascú</p> <p>Feidhm um Chuimsiú Sóisialta a aistriú chuig an Roinn Pobail agus seachtain/deontas um chuimsiú sóisialta a chur i bhfeidhm</p> <p>Lá na hAfraice 2026</p>	D0601	2026

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CD7	<b>Fónamh do Dhreamanna Pobail</b>	<p>Cuidiú le Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (LRP) agus aitheantas a thabhairt d'éachtaí an phobail</p> <p>Clár Aoibhá na Gaillimhe</p> <p>Cúnamh taca a thabhairt do Chomhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe i gcomhréir le cistíocht Chomhairle na nÓg</p> <p>Cúnamh taca a thabhairt do Chlár Forbartha Pobail AMACH LADT</p> <p>Tacú le coistí agus fóraim áitiúla agus réigiúnacha agus páirt a ghlacadh iontu chun cur le soláthar seirbhíse feabhsaithe do phobail áitiúla</p>	<p>Cuidiú le Líonra Pobail Chathair na Gaillimhe (córas LRP chathair na Gaillimhe) agus soláthar do pháirt an phobail i gcóras an rialtais áitiúil agus i gceapadh beartais</p> <p>Deiseanna rannpháirtíochta a chur ar fáil chomh maith le cistíocht do thionscnaimh agus aitheantas a thabhairt d'obair pobail agus dheonach ar fud Chathair na Gaillimhe</p> <p>Gradaim an Mhéara 2026 a eagrú agus a óstáil</p> <p>Fónamh do Chomhairle Dhaoine Scothaosta Chathair na Gaillimhe agus dá fhorbairt</p> <p>Oibriú in éineacht leis an tionscadal Cúram Slánchóirithe do Dhaoine Scothaosta na Gaillimhe (CSDSG) agus réimse tionscnamh a thabhairt i bhfeidhm</p> <p>Gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm sa Straitéis Aoibháúil 2026 - 2030 do Chathair na Gaillimhe</p> <p>Tionscnaimh a thabhairt i bhfeidhm i gcomhréir le cistíocht Chomhairle na nÓg</p> <p>Freastal do Ghrúpa Stiúrtha Chomhairle na nÓg Chathair na Gaillimhe agus cathaoirleacht a dhéanamh air</p> <p>Riarachán maidir le cistíocht faoin gClár Forbartha Pobail do AMACH LADT agus sásamh na gcoinníollacha airgeadais agus rialachais a chinntiú</p>	<p>Obair riaracháin maidir le cúnamh cistiúcháin agus rialachais</p> <p>Obair riaracháin maidir le deontais d'fhéilte áitiúla pobail, deontais cistíochta pobail etc.</p> <p>Gradaim an Mhéara Bealtaine 2026</p> <p>Obair riaracháin maidir le cláir náisiúnta cistíochta don earnáil pobail i gcomhréir leis na treoirlínte agus na tráthchláir</p>	F0401	2026

		Ballraíocht agus rannpháirtíocht i dTascfhórsa Réigiúnach an Iarthair um Dhrugaí agus Alcól, Fóram Alcóil Chathair na Gaillimhe, Coiste Cúram Leanáí Chathair na Gaillimhe, Coiste CYPSC, Grúpa Idirghníomhaireachta an Lucht Siúil		
--	--	--	--	--

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CD8	<b>Ionaid Pobail agus Áiseanna</b>	<p>Cuidiú le bainistíocht leanúnach Ionad Pobail Bhaile an Phoill arna rith ag SCCUL Enterprises</p> <p>Tacú le NCCA chun ionaid phobail nua a thógáil sa Chaisleán Nua</p>	<p>Comhaontú Bainistíochta agus Ceadúnais ar bun maidir le 2025-2026. Cothabháil agus deisiú tráthúil agus leanúnach de réir mar is gá. Oibriú le SCCUL chun soláthar seirbhíse agus áiseanna san ionad a fheabhsú</p> <p>Oibriú leis an RFT&amp;P agus le Cumann Pobail an Chaisleáin Nua le tús a chur le háis pobail ar an gCaisleán Nua.</p> <p>Tacú leis an gCoiste Stiúrtha chun teacht ar mhaoiniú breise chun an tIonad a chur ar fáil agus a fheistiú.</p> <p>Rochtain ar oiliúint agus tacaíocht a sholáthar do DR&amp;CD de réir mar a théann an tionscadal ar aghaidh.</p>	<p>Rannpháirtíocht leanúnach sa Ghrúpa Comhairle ar a bhfuil ionadaíocht ag dreamanna áitiúla agus ag lucht úsáide an ionaid. SLA nua 2 bhliain le tairiscint i Ráithe 4</p> <p>Próiseas soláthair maidir le conraitheoir agus tús leis an obair ar an suíomh R1 2026</p> <p>Tuairisc gach ráithe leis an Roinn FT&amp;P</p> <p>Iarratais ar mhaoiniú do thoscán agus fearas agus trealamh curtha isteach</p>	D0601	2026-2027

CD9	<b>Comhpháirtíocht Sábháilteacht a Pobail Áitiúil</b>	Comhordú ar Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil Chathair na Gaillimhe	<p>A chinntiú go dtagann an Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil (LCSP) le chéile go rialta agus go ndírítear ar phleanáil chomhoibríoch, ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú ar thionscnaimh sábháilteachta pobail.</p> <p>Comhordú a dhéanamh agus cuidiú le sábháilteacht pobail bunaithe ar an gcomharsanacht.</p> <p>Feabhas a chur ar obair ghníomhaireachtaí éagsúla i gcomhar d'fhonn seirbhísí a chur ar fáil faoi mar atá de dhíth i gcomharsanachtaí faoi leith.</p> <p>Comhordú feabhsaithe agus comhroinnt eolais idir gníomhaireachtaí, grúpaí pobail, agus muintir na háite.</p> <p>Plean Sábháilteachta Pobail Chathair na Gaillimhe a fhorbairt i gcomhairle le baill den Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Pobail Áitiúil agus le páirtithe leasmhara eile, bunaithe ar pholasaí agus ar dhea-chleachtas.</p> <p>Tús áite a thabhairt do réimsí buartha a shonraíonn lucht an phobail.</p>	Plean Pobail Áitiúil Sábháilteachta a aontú Oibriú i gcomhar ar bhealach comhordaithe le geallsealbhóirí i ndáil le bearta faoin bPlean Pobail Áitiúil Sábháilteachta a chur i bhfeidhm	D0601	2026
-----	---	--	--	---	-------	------

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CD10	<b>An Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt</b>	Tacú le hobair Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe tríd an bPlean Áitiúil Spóirt a chur i bhfeidhm	<p>Tacú le Gníomhaíochtaí Comhpháirtíochta Spóirt a chur ar fáil agus scéimeanna maoinithe na Comhpháirtíochta Áitiúil Spóirt agus na Comhairle Cathrach a chur ar fáil</p> <p>Clár oiliúna a thabhairt i bhfeidhm d'fhonn feabhas ar scileanna lucht chlubanna agus ghrúpaí spóirt</p> <p>Cláir inbhuanaithe maidir le cúrsaí aclaíochta a chur ar bun le dreamanna áitiúla</p> <p>Cabhrú leis na forbairtí agus leis na feabhsuithe ar áiteanna súgartha áitiúla agus comharsanachta agus spásanna gníomhacha do dhéagóirí faoi thionscadal Chathracha Gníomhacha na Gaillimhe.</p> <p>Plean Áitiúil Spóirt Chathair na Gaillimhe 2026 – 2031 a thabhairt chun cinn</p> <p>Imeachtaí náisiúnta a chur ar siúl i gcomhar le rannóga eile de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus comhlachtaí reachtúla eile a chuireann rannpháirtíocht i gcúrsaí aclaíochta chun cinn</p> <p>Creat Oifigeach Forbartha Spóirt a bhunú do 2026 - 2027</p>	<p>Plean Gníomhaíochta a aontú le Spórt Éireann</p> <p>Deontais Spóirt GCC/GSP 2026 leithdháilte</p> <p>Sceideal chúrsaí oideachais agus oiliúna 2026 a chur i bhfeidhm.</p> <p>Plean oibre a chur i bhfeidhm agus clár agus tionscadail ar mhaithe le breis aclaíochta a thabhairt i gcrích.</p> <p>Plean Áitiúil Spóirt críochnaithe faoi Ráithe 3 2026</p> <p>Líon na n-áiteanna súgartha a feabhsaíodh agus bunú spás do dhéagóirí</p> <p>Measúnú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ag Cathair na Gaillimhe Stádas Domhanda na gCathracha Gníomhacha a bhaint amach.</p>	F0404	2026

				<p>Imeachtaí náisiúnta éagsúla lena spreagtar rannpháirtíocht i gcúrsaí aclaíochta a thabhairt i gcrích agus tacú lena gcur i bhfeidhm e.g. Seachtain na Rothaíochta, Seachtain Spóirt na hEorpa, an Lá Náisiúnta Spraoi.</p> <p>Próiseas EOI a chríochnú d'Oifigigh Forbartha Spóirt NGB i Ráithe 2</p>	
--	--	--	--	--	--

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CD11	Suíomhanna Tréigthe	Beart cuí a dhéanamh lena chinntiú nach dtarlaíonn láithreáin i limistéar feidhme Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a thréigean agus nach leanann siad ina láithreáin thréigthe.	<p>Dul chun cinn a dhéanamh maidir le láithreáin atá ar an gclár. Beart a dhéanamh i ndáil le gearáin chustaiméirí faoi láithreáin thréigthe. Dul sa tóir go réamhghníomhach ar aon láithreán tréigthe breise i Limistéar Feidhme na Comhairle Cathrach.</p> <p>Cloí le Polasaí um Láithreáin Thréigthe do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a ghlac comhaltaí tofa i mí an Mheithimh 2025.</p>	<p>Gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 (arna leasú) chun láithreáin atá ann cheana ar Chlár na Láithreán Tréigthe a chur ar aghaidh chuig Alt 23 – éileamh ar thobhach a íoc.</p> <p>Na láithreáin sin a thabhairt chun cinn go céim an cheannacháin éigeantaigh de réir mar is cuí sin. / Gníomh forfheidhmiúcháin a dhéanamh ar gach suíomh incháilithe eile de réir mar is gá faoin Acht, suas go dtí Alt 22 – Fógra Luachála le go bhféadfar tobhach a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2027.</p> <p>Tobhaigh láithreáin thréigthe a ardú de réir mar is cuí do láithreáin thréigthe ar an gclár an 1 Eanáir 2026 a bhfuarthas luacháil ina leith, agus é mar aidhm €1.2 milliún a bhailiú i dtobhaigh láithreáin thréigthe mar a fhoráiltear sa bhuiséad ioncaim do 2026.</p>	E1004	2026

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CD12	Sócmhainní Corparáideacha	Bainistíocht oibriúcháin maidir le hEastáit Talún na Corparáide.	<p>Bunachar sonraí maidir le leas reatha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a riar agus a choinneáil i gcaoi mhaith, trí leas a bhaint as bogearra IMGS maidir le Bainistíocht Sócmhainní.</p> <p>Clárú teidil a chinntiú leis an Údarás Clárúcháin Maoine/Tailte Éireann i ndáil le gach cás éadála.</p> <p>Maoirseacht a dhéanamh maidir leis an mbainistíocht i ndáil le léasanna corparáide, ceadúnais, ceisteanna faoi úinéireacht, tograí maidir le talamh a cheannach ó dhuine den phobal, fiosrúchán ón trío páirtí agus luacháil maoine.</p> <p>Aistriú na Sócmhainní Uiscebhunaithe atá fágtha go hUisce Éireann a thabhairt chun críche faoi dheireadh mhí na Nollag 2026.</p> <p>Féachaint an bhféadfaí bunachair talún bheag, atá faoi réir ceadúnas bliantúil faoi láthair, a dhiúscairt chuig sealbhóirí ceadúnais le haghaidh luachála margaidh. Deimhniú an bhfuil ceadúnais féaraigh le tabhairt chun críche nó le síneadh thar an 31 Nollaig 2026.</p>	<p>Tá fuilleach na dtaifead, as 639 mar a bhí i dtosach, le tabhairt chun tosaigh le hionadaithe dlíthiúla i ndáil le cúrsaí clárúcháin.</p> <p>Ar lean / Go ráithiúil, go bliantúil, de réir mar is gá.</p> <p>Ar bun.</p> <p>Leanúint de bhainistiú léasanna do Yeats Annex agus 401 An Fhaiche Mhór agus léasanna a bhilleáil d'lonad na Coiribe agus do Charrchlóis Chlós Hynes.</p>	Forchostas Corparáide maidir le Foirgnimh, Táillí Lárnacha Bainistíochta.	2026

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
CD13	Déanmhais chontúirteacha	A chinntiú nach dtarlaíonn aon áit nó déanmhas i limistéar feidhme Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a dtiocfadh i ndán gur contúirteach é ina chontúirt ag aon duine.	<p>Bearta a dhéanamh maidir le gearáin a thagann ó bhall foirne/dhuine den phobal. Socrú go ndéantar scrúdú ar dhéanmhais/áiteanna a dtuairiscítear go bhfuil i ndán go mbeidís contúirteach.</p> <p>Bearta breise a dhéanamh le comhfhreagras leis an úinéir/áitritheoir d'fhonn a chinntiú nach bhfuil an déanmhas contúirteach níos mó.</p> <p>Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht Creatphainéal a bhunú chun Oibreacha Sábháilteachta práinneacha a dhéanamh.</p>	Bearta cuí forfheidhmiúcháin a dhéanamh faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) 1964 sa chás nach dtugann úinéir/áitritheoir freagra ar chomhfhreagras a eisítear.	E1002	2026

### 13. An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Uirbeach



## 13.1 Pleanáil

**Aidhm Straitéise:** Ceannródaíocht a dhéanamh maidir le forbairt Chathair na Gaillimhe, ar mhodh comhordaithe, d'fhonn tabhairt faoi dheacrachtaí maidir le tithíocht, gluaiseacht agus athrú aeráide ionas go dtugtar cathair i gcrích is fearr don uile dhuine. Coinneoidh an brainse pleanála córas éifeachtúil pleanála ar bun dár acmhainn cuspóirí na cathrach maidir le forbairt inbhuanaithe eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta a thabhairt i gcrích.

### Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
1	<b>An Plean Forbartha agus Polasaithe</b>	Polasaithe agus cuspóirí an Phlean Forbartha Cathrach 2023-2029 atá ann faoi láthair a chinntiú, lena n-áirítear aon éagsúlachtaí amach anseo.	Comhoibriú agus caidreamh leis na geallsealbhóirí éagsúla, le heagraíochtaí earnála agus le comhlachtaí reachtúla d'fhonn cuidiú le polasaithe agus aidhmeanna an phlean a thabhairt i bhfeidhm i ndáil le forbairt inbhuanaithe a thabhairt i gcrích.	Monatóireacht, athbhreithniú agus anailís a dhéanamh maidir leis na polasaithe agus na haidhmeanna ionas go gcinntítear cur chuige éifeachtúil bríomhar i ndáil leis an bplean a chur i bhfeidhm.	D01	Ar bun
			Réimeas monatóireachta a leagan amach agus a chur sa siúl maidir le haidhmeanna an phlean forbartha i gcomhréir leis na Treoirínte maidir leis an bPlean Forbartha.	An clár monatóireachta a chur ar bun, athbhreithniú 2 bhliain a thabhairt chun críche, an acmhainn anailís a dhéanamh ar shonraí tugtha chun cinn.	D01	Ar bun

Tagairt	Na Príomhsheirbhísí	Aidhm / Príomhbhearta Seirbhíse	Straitéis Déanamh Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Rannóg Buiséid	Tráthchlár
1	<b>An Plean Forbartha agus Polasaithe</b>	Polasaithe agus cuspóirí an Phlean Forbartha Cathrach 2023-2029 atá ann faoi láthair a chinntiú, lena n-áirítear aon éagsúlachtaí amach anseo.	Aon leasú beartaithe ar Phlean Forbartha 2023 - 29 a ullmhú de réir mar is gá agus athruithe polasaithe/mapála a ullmhú chomh maith leis na bearta measúnachta comhshaoil agus na bearta comhairliúcháin ina leith a thagann faoin reachtaíocht.	Leasuithe a ullmhú de réir choinníollacha agus thráthchláir na reachtaíochta chomh maith leis na bearta measúnachta comhshaoil agus na bearta comhairliúcháin ina leith a thagann fa	D01	Ar bun. Éagsúlachtaí 1-3 Ráithe 2/3 2026.
			Tús a chur le Plean Ceantair Uirbeach do Bhóthar Áth Cinn a ullmhú	PCÁ Bhóthar Áth Cinn a thionscnamh de réir na gcoinníollacha agus na dtráthchlár faoin reachtaíocht. Oibriú le Comhairle Chontae na Gaillimhe le dréacht CSMD a chur faoi bhráid Chomhchoiste CBS	D01	
